03

# TUARASCÁIL BHLIANTÚIL

ag obair le chéile

NATIONAL DISABILITY AUTHORITY
ÚDARÁS NÁISIÚNTA MÍCHUMAIS

## CLÁR


Comhlíonadh an Dualgais Reachtúil 03
Brollach leis an gCathaoirleach 04
Baill an Údaráis Náisiúnta Míchumais 09
Réamhrá le Stiúrthóir an NDA 10
Ról an NDA 14

**Caibidil 1**
Sracfhéachaint ar 2003 – Pointí suntasacha i rith na Bliana 17

**Caibidil 2**
Forbairt Polasaithe trí Thaighde 25

**Caibidil 3**
Cruthú Rochtana do Sheirbhísí Poiblí 37

**Caibidil 4**
Tionchar ar Mheon 43

**Caibidil 5**
Cinntiú Ardchaighdeán 49

**Caibidil 6**
Forbairt na hEagraíochta 57
Nóta Airgeadais do 2003 62

Aguisín I: Aighneachtaí Polasaí 64
Aguisín II: Ionadaíocht Sheachtrach an Údaráis Náisiúnta Míchumais 65
Aguisín III: Cur i láthair a rinne an NDA 67
Aguisín IV: Coistí Comhairleacha 69
Aguisín V: Coistí Stiúrtha 71
Aguisín VI: Faighteoirí faoin Scéim Chothú Taighde 71
Aguisín VII: Cairt Eagrúcháin 73


PRN: 3035


Ar ais go dtí an clár

Ar ais go dtí an clár

# COMHLÍONADH AN DUALGAIS REACHTÚIL

"Déanfaidh an tÚdarás, tráth nach déanaí ná an 30ú lá de Mheán Fómhair gach bliain, tuarascáil a thabhairt don Aire i cibé foirm a cheadóidh an tAire, i dtaobh chomhlíonadh a fheidhmeanna agus a ghníomhaíochtaí i rith na bliana roimhe sin agus cuirfidh an tAire faoi deara cóipeanna de gach tuarascáil bhliantúil a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas."

# BROLLACH



## Réamhfhocal leis an Dr Angela Kerins, Cathaoirleach an NDA

Bliain iontach ar leith a bhí in 2003. Ní fhacthas riamh cheana in Éirinn a leithéid de bhliain inar cuireadh an oiread sin béime ar chearta daoine faoi mhíchumas agus ar an méid a chuireann siad leis an bpobal.

D'ainmigh Coimisiún na hEorpa an bhliain 2003 mar Bhliain Eorpach do Dhaoine faoi Mhíchumas, agus in Éirinn bhunaigh an NDA Coiste Náisiúnta Comhordaithe, ar a raibh ionadaithe as gach earnáil de phobal na hÉireann, chun bainistiú a dhéanamh ar na céadta imeachtaí agus tionscnamh a reáchtáladh in ómós na bliana. Ghlac na mílte daoine faoi mhíchumas, agus baill den phobal ginearálta as gach aicme, páirt i ngníomhaíochtaí ar ina raibh ceithre théama: ardú feasachta; cearta, dualgais,

agus comhpháirtíocht; foastaíocht; óige agus míchumas. Léirigh an tsuim agus an díograis i ngach earnáil den phobal, mar aon leis an leibhéal ard feasachta in Éirinn a nótáil an suirbhé Eorpach, *Eurobarometer*, cé chomh maith a d'éirigh le cúrsaí i rith na bliana chun dul leis na haidhmeanna leathana a bhí ag an Eoraip feasacht a ardú faoi chearta daoine faoi mhíchumas, ar a scileanna agus ar a gcumas.

IbhFeabhra 2003, chruthaigh an Earnáil Mhíchumais gur láidre sinn nuair a oibrímid le chéile nuair a cuireadh an doiciméad *Equal Citizens: Proposals for Core Elements of Disability Legislation*, faoi bhráid an Rialtais. Cuirtear moltaí chun cinn in *Equal Citizens* maidir leis na príomhghnéithe is gá a chur san áireamh sa reachtaíocht, nithe a bhfuil eagrais ionadaíochta na bpáirtithe leasmhara san earnáil mhíchumais d'aon ghuth fúthu. Seo an bhuaic a bhí ar mhíonna fada oibre a rinne an Grúpa Comhairliúcháin um Reachtaíocht Mhíchumais (DLCG), a raibh bród iontach orm féin a beith i mo chathaoirleach air. Tuigeadh le fada in Éirinn go raibh gá le reachtaíocht chuimsitheach a dhíreodh ar riachtanais na ndaoine faoi mhíchumas in Éirinn. Tháinig méadú ar an tuiscint go raibh gá le haitheantas ar na riachtanais le deich mbliana anuas, agus rinneadh forbairt agus leathnú ar an tuiscint sin trí dhíospóireacht bhríomhar. Bhain idir díospóireacht agus comhairliúchán le hobair an DLCG chun soiléiriú a dhéanamh agus comhairle a ghlacadh maidir leis na príomhghnéithe ar ghá díriú orthu i reachtaíocht chuimsitheach mhíchumais in Éirinn. Tá an próiseas stairiúil agus an doiciméad comhaontaithe ina dtáscairí láidre ar an ngá atá le breis comhoibrithe i measc na bpáirtithe leasmhara go léir chun a chinntiú go mbainfear amach an toradh is fearr do dhaoine faoi mhíchumas. Go deimhin, tá aitheantas idirnáisiúnta faighte ag an doiciméad.

Bhí sé geallta go bhfoilseofaí an Bille Míchumais, a bhfuiltear ag fanacht le fada leis, i 2003. Ar an drochuair níor tharla sin agus dá thoradh cuireadh éadóchas ar a lán daoine a bhfuil an reachtaíocht sin iontach tábhachtach dóibh. Táim féin, mar aon leis na daoine ar fad a chuir dearcadh, tuairim nó meon in iúl le linn phróiseas comhairliúcháin an DLCG, ag tnúth le foilsiú reachtaíochta gan mhoill a dhíríonn go críochnúil agus go cuimsitheach, anois ar an riachtanais, ar mhianta agus ar shaol na nDaoine faoi Mhíchumas in Éirinn.

Céim rí-thábhachtach maidir le reachtaíocht chuimsitheach do Dhaoine faoi Mhíchumas ab ea an Bhille um Oidheachas do Dhaoine Míchumasaithe, 2003, a d'fhoilsigh an Rialtas, agus atá bunaithe ar cheartas. Cé gur fháiltigh an NDA roimh a lán gnéithe den Bhille, go háirithe an Chomhairle Náisúnta don Oideachas Speisialta agus an Bord Achomhairc atá beartaithe, mar gur dul chun cinn mór a bheadh iontu maidir le hoideachas speisialta, lean an tÚdarás ag cur béime ar an ngá atá le dóthain ionaid speisialtóra agus mhol sé córas neamhspleách do mheasúnú agus do athbhreithniú ar riachtanais.

Bhí na Cluichí Oilimpeacha Speisialta in Éirinn chomh maith - an chéad uair ar eagraíodh na cluichí taobh amuigh de na Stáit Aontaithe. Cé a dhéanfaidh dearmd ar an dea-mhéin mhór iontach a scaip ar fud na tíre i rith na seachtainí iontacha sin i Meitheamh nuair a chuir na pobail éagsúla ar fud na hÉireann na mílte fáilte roimh fhoirne ó gach cearn den domhan agus an tír ar fad dírithe ar na héachtaí a bhí á ndéanamh ag iomaitheoirí na gcluichi?

Rug spoirad na hócáide ar gach duine againn. Ina dhiaidh sin féin, is gearr an tréimhse coicís. Tar éis an éirí croí a bhain leis na cluichí, bhí an dúshlán laethúil atá roimh dhaoine a bhfuil mhíchumas orthu le féachaint arís acu, rud a léirigh go soiléir dúinn ar fad go dtógfaidh sé tamall fada an meon i leith Daoine faoi Mhíchumas a athrú agus a chinntiú go bhfuil ceart acu ar an bunriachtanais ar nós fostaíocht, dídean agus ioncam agus go dteastóidh reachtaíocht mar bhonn lena bhaint amach.

Tá sé soiléir, áfach, nach féidir le reachtaíocht aisti féin feabhas a chur ar shaol na ndaoine faoi mhíchumas ná ar a dteaghlaigh mura gcuirtear dóthain acmhainní ar fáil chun deis a thabairt do dhaoine a gcearta a fháil. Lean an NDA ag cur béime ar an rud fíorthábhachtach sin ina chuid aighneachtaí agus sna léiriúcháin iomadúla a rinne sé i rith 2003.

Ní mór caighdeáin náisiúnta aitheanta a bheith ar fáil freisin maidir le dearadh seirbhísí agus timpeallachtaí chun a chinntiú gur féidir le Daoine faoi Mhíchumas saol iomlán a chaitheamh, is cuma cá bhfuil cónaí orthu. Cúis

áthais dom ab ea an dul chun cinn a rinneadh i rith 2003 ar fhorbairt Chaighdeáin Náisiúnta do Sheirbhísí Míchumais a dearadh chun a chinntiú go gcuirtear seirbhísí ar fáil ar leabhéal aontaithe caighdeáin ar fud na tíre.

I rith 2003, dhírigh an tÚdarás a aird go speisialta ar an imní go bhfuil seirbhísí síciatracha cuí á séanadh ar dhaoine faoi mhíchumas intleachta. Rinne an tÚdarás Náisiúnta Míchumais athbhreithniú cuimsitheach a léirigh go bhféadfadh an t-easpa seirbhísí atá ag an ngrúpa daoine seo a bheith leatromach agus ina shárú ar an Acht um Stádas Comhionann (2000), ar an gCúnant Idirnáisiúnta um Chearta Eacnamúla, Sóisialta agus Cultúir, agus ar Rialacha Caighdeánacha na N.A. um Chothromú Deiseanna do Dhaoine faoi Mhíchumas.

Ba chear moladh an NDA maidir le seirbhís chuimsitheach sláinte mheabhreach don ghrúpa seo a chur i bhfeidhm mar bheart práinne agus mar bheart cearta bunúsacha, bonn reachaíochta a beith faoi agus é ina chuid den ghnáthsheirbhís.

Is mian liom buíochas a ghlacadh le mo chomhghleacaithe ar an Údarás as a dtionscnamh agus as a dtacaíocht i leith cúinsí den chineál sin i rith na bliana. Is mian liom buíochas a ghlacadh le baill na gCoistí Comhairleach freisin as treoir fhiúntach agus comhairle ilghnéitheach a chur ar fáil sna réimsí a bhaineann le Sláinte Mheabhreach, Taighde agus Caighdeáin ach go háirithe.

Is mian liom an deis seo a thapú chun buíochas a ghlacadh le Stiúrthóir agus le foireann an NDA as a gcuid oibre. Mar fhoireann níor tháinig aon laghdú ar a n-iarracht le hÉirinn uileghabhálach a chruthú. Is mian liom buíochas a ghlacadh freisin le Coiste Náisiúnta Comhordaithe an EYPD agus leis an bhfoireann bhainistíochta tionscnaimh as a gcruthaitheacht agus as a ndíograis chun aidhmeanna na bliana a bhaint amach, leis an Taoiseach, Bertie Ahern, T.D., as gníomhú mar Phatrún na Bliana, agus leis na céadta eagraíocht agus na mílte daoine a bhí páirteach sa Bhliain. Is mian liom buíochas a ghlacadh leis na céadta eagras agus leis na duine aonair a chaith am ag ullmhú aighneachtaí do cháipéisí tábhachtacha polasaithe agus creata. Mar fhocal scoir, is mian liom aitheantas a

thabhairt go buíoch do thacaíocht na Rionne Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí, agus háirithe don Aire Stáit, Willie O'Dea, a bhfuil cúram ar leith air maidir le míchumas.

Tháinig deireadh le céad Phlean Straitéiseach an NDA i 2003 agus cuireadh tús leis an obair ar an gcéad Phlean Straitéiseach eile. Cúis áthais dom a fheiceáil go léiríonn an t-aiseolas faoi éifeachtúlacht an chéad phlean gur cheart aisling lárnach agus misean an NDA fanacht mar dhlúthchuid den phlean nua.

Thar na blianta seo romhainn, leanfaidh an tÚdarás Náisiúnta Míchumais ag díriu ar an míchumas mar cheist a bhaineann le cearta agus leanfaidh sé ag cur chun cinn agus ag baint amach cearta do dhaoine faoi mhíchumas trí thionchar a imirt ar pholasaithe poiblí agus ar an reachtaíocht, agus trí oibriú lena chinntiú go mbeidh fáil ar sheirbhísí den chaighdeán agus den cháilíocht is airde. Sin an t-aon bhealach amháin a bhféadfaimid athrú a chur i ndáiríre ar shaol Daoine faoi Mhíchumas.

## Baill an NDA

Dr. Angela Kerins (Cathaoirleach)
Helen Caesar
Paula Carey
Jim Casey
Mat Connor
John Dolan
Maisie Dooley
John Finnerty
Noreen Gildea
Robert Grier
Brendan Ingoldsby
Gene Lambert
Sylda Langford
Christy Lynch
John O'Gorman
Betty O'Leary B.L.
Muiris O'Donoghue
Donie O'Shea(Stiúrthóir Oibrí)
Diarmuid Ring
Sadie Tierney

# RÉAMHRÁ



## Réamhrá le M. Claire O'Connor, Stiúrthóir an NDA

### Saoránaigh Sinn ar Fad

Bhí an-toradh ar obair na bliana 2003 ag an Údarás Náisiúnta Míchumais. Ba í seo an bhliain dheireanach den chéad Phlean Straitéiseach, *A Matter of Rights*, don tréimhse 2000-2003, agus is lena linn a tháinig a lán den obair a leagadh amach i gcéad phlean uaillmhianach an Údaráis le chéile. Bliain eatramhach a bhí inti freisin agus sinn ag tosú ag obair ar an dara Plean Straitéise, a bheidh mar threoir ag an Údarás i rith na mblianta 2004-2006. I rith na bliana, lean na Coistí Comhairleacha Reachtúla ag cur go mór le plean oibre an NDA mar a leanfaidh san am atá romhainn.

Rinne NDA dul chun cinn suntasach maidir le polasaithe i 2003, go speisialta leis an obair éascaithe a rinneamar ar aighneacht na hearnáile míchumais don Rialtas maidir leis an mBille Míchumais atá beartaithe.

Rinne an tÚdarás aighneacht shuntasach freisin maidir leis an mBille um Oideachas do Dhaoine faoi Mhíchumas, 2003, ag tarraingt aird ar leith ar an ngá atá ann go ndéanfaí na seirbhísí agus na tacaíochtaí atá maoinithe ag sláinte a chomhtháthú leis an bPlean Oideachais don Aonánach.

I lár 2003, chuireamar páipéar i láthair lucht ceaptha beartas faoin teideal, *The Requirement of Needs Assessment and Service Coordination System in Ireland.*

## Tionchar idirnáisiúnta

I gcúrsaí idirnáisiúnta, lean an NDA ag tacú le hobair an Choiste Ad Hoc chun dréachtadh a dhéanamh ar an gCoinbhinsiún Idirnáisiúnta um Chosaint agus Chothú Chearta agus Dhínit Dhaoine faoi Mhíchumas agus cuirfear tuairimí in iúl trí *Rehabilitation International Europe*. I mí Meitheamh 2003, thug Ambasadóir Mheicsiceo chuig na NA, A Shoilse Luis Alfonso de Alba Gongora, aitheasc dar teideal *Towards a UN Treaty on the Human Rights of Persons with Disabilities* i gColáiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath (UCD) mar chuid de Bhliain na hEorpa do Dhaoine faoi Mhíchumas (EYPD).

## Próiseas Comhairliúcháin

Idir an dá linn, lean an NDA ag cur aighneachtaí chuig na próisis chomhairliúcháin fhoirmiúla ar fad chun a chinntiú go mbeadh éisteacht ag dearcadh na nDaoine faoi Mhíchumas agus go dtarraingeofaí aird Ranna agus ghníomhaireachtaí Rialtais ar thionchar aon bhearta idirdhealaithe (Féach Aguisíní I, II agus III maidir le haighneachtaí, ionadaíocht sheachtrach agus cur i láthair a rinneadh). Bhí an-ghlacadh leis an aighneacht maidir leis an mBille um an Dlí Coiriúil (Gealtacht), 2002, mar shampla, ag na tráchtairí ar fad mar shaothar a chuir go mór leis an díospóireacht sin. Chomh maith leis sin, thacaigh foireann Pholasaí an NDA le hobair na foirne Taighde i bhfoilsiú na sraithe *Towards Best Practice* trí mholtaí polasaí a chur chun cinn i ngach réimse atá faoi thrácht.

## Taighde agus Caighdeáin

Choimisúnaigh foireann Thaighde an NDA taighde ar chainníocht agus ar cháilíocht na seirbhísí i dtrí réimse thábhachtacha, Sláinte, Oiliúint Oideachais Leanúnach agus Fostaíocht mar aon le hlompar. Tugadh an obair, a tosaíodh i 2003, chun críche i mí na Nollag 2003 agus tá sé le foilsiú i mí Eanáir 2004. Choimisiúnaigh an fhoireann Thaighde tuarascáil thábhachtach chomh maith ar *Psychiatric Services for People with Intellectual Disabilities* agus rinneadh moltaí don Rialtas maidir le leibhéal an tsoláthair seirbhíse a theastaíonn chun teacht le caighdeáin idirnáisiúnta. Saothar rí-thábhachtach eile a choimisiúnaigh an NDA don ghrúpa oibre Idir-rannach ab ea an tuarascáil faoi *Chostas Míchumais*.

## Staidéar Náisiúnta Míchumais

Ba é an chuid deireanach den obair phíolótach ar an Staidéar Náisiúnta Míchumais ná moladh a rinne an tAire ar a bhfuil an cúram air maidir le Míchumas, Willie O'Dea, T.D., go ndéanfaí Staidéar Náisiúnta Míchumais.

D'fhreastal líon mór daoine ar an dara Comhdháil Thaighde Míchumais bhliantúil ag ar díríodh ar Ethical Framework for Disability Research.

Chuir foireann rochtana na Seirbhíse Poiblí tús le clár bríomhar chun bolscaireacht a dhéanamh ar na treoirlínte atá ann cheana féin maidir le teicneolaíocht rochtana www.accessIT.nda.ie agus leis na foilseacháin ghaolmhara *Building for Everyone* agus na treoirlínte comhairliúcháin *Ask Me*.

## Tionchar ar an nGnáthshaol

Lean an obair den dara bliain ar *Caighdeáin Náisiúnta do Sheirbhísí Míchumais* i gcomhar leis an Roinn Sláinte agus Leanaí. Sheol an tAire Stáit ag an Roinn Sláinte agus Leanaí, Tim O'Malley, T.D., an chéad Dréacht de na caighdeáin ar an Tulach Mór i mí Eanáir 2003. Tháinig an dara Dréacht i mí Bealtaine 2003 tar éis comhairliúchán an-leathan. Rinneadh tástáil phíolótach ansin ar na dréachtchaighdeáin náisiúnta sa ráithe dheireanach den bhliain agus rinneadh measúnú neamhspleách air.

Meastar go mbeidh tionchar ag na Caighdeáin Náisiúnta ar an saol ag os cionn 60,000 úsáideoir seirbhíse, agus luach os cionn €1.2bn.

## Reáchtáil Bhliain na hEorpa do Dhaoine faoi Mhíchumas

Lean ár Rannóg Seirbhísí Corparáideacha ar aghaidh ag fostú foirne i rith 2003 agus ag déanamh infheistíochta san fhoireann trí oiliúint agus trí eolas bunaithe ar thograí a scaipeadh. Lean an rannóg ag cur feabhais ar ár n-áiseanna freisin, á ndéanamh chomh hinrochtana agus is féidir do earnáil na nDaoine faoi Mhíchumas. Ar ndóigh, ba í 2003 *Bliain na hEorpa do Dhaoine faoi Mhíchumas* agus d'eagraigh an NDA, mar Chomhlacht ainmnithe Comhordaithe Náisiúnta an EYPD, a lán cruinnithe dá Choiste Náisiúnta Comhordaithe i rith na bliana. Thug sin deis iontach do Dhaoine faoi Mhíchumas feiceáil dóibh féin an cineál acmhainne atá sa seomra cruinnithe seo don earnáil, agus an NDA ag comhlíonadh a dualgas reachtúil.

## Nílimid ann fós

Agus sinn ag crosaire idir dhá Phlean Straitéiseach, is léir nach raibh an luas a rabhthas ag súil leis i dtús ama le gnéithe áirithe dár n-obair. Ina dhiaidh sin féin, de thoradh na hoibre a rinneamar go leanúnach leis an earnáil agus an comhairliúchán a d'iarr muid go gníomhach, is dóigh linn go bhfuil tuiscint níos cuimsithí ag na páirtithe leasmhara ar fad anois ar na creata ama is gá chun go mbeadh rochtain iomlán ar gach earra agus ar gach seirbhís. Nílimid ag ceann scríbe, ach táimid ar an mbealach – in éineacht lena chéile.

# RÓL AN NDA

Shínigh an tUachtarán, Máire Mhic Giolla Íosa, an tAcht um Údarás Náisiúnta Míchumais ina dhlí sa bhliain 1999.

Moladh go mbunófaí an NDA den chéad uair sa Tuarascáil a rinne an Coimisiún um Stádas Dhaoine faoi Mhíchumas i 1996, ina tugadh le tuiscint freisin go raibh Daoine faoi Mhíchumas ag iarraidh go dtabharfaí isteach "príomhshruthú" ionas go gcuirfí seirbhísí ar fáil dóibhsean ar na bealaí soláthair céanna a bhaineann leis an bpobal i gcoitinne.

Tháinig éifeacht le polasaí príomhshruthaithe an Rialtais ar 12 Meitheamh 2000 nuair a scoradh an Bord Náisiúnta Athshlánúcháin agus aistríodh go leor dá chuid seirbhísí chuig eagrais ábhartha Rialtais, ina measc an Roinn Oideachais agus Eolaíochta, Comhairle, FÁS agus na boird sláinte. Seoladh an NDA freisin, an lá céanna, mar chuid thábhachtach de thiomantas an Rialtais i dtaca le comhionannas agus lánpháirtíocht do gach duine sa sochaí.

Tá ceanncheathrú an NDA suite ag 25 Bóthar Clyde, Droichead na Dothra, Baile Átha Cliath 4 agus is í an Dr Angela Kerins an Cathaoirleach atá ar an Údarás ar a bhfuil 21 chomhalta.

## Ár Misean agus ár nAisling a Bhaint Amach

Bhí dréachtadh an Phlean Straitéise, 2000-2003, *A Matter of Rights*, ar cheann de na chéad tascanna a bhí ag an NDA.

D'ainmnigh an chéad Phlean Straitéise seo gurb é misean an Údaráis ná cearta Dhaoine faoi Mhíchumas a chur chun cinn agus cuidiú chun iad a bhaint amach. D'fhéach an tÚdarás leis sin a bhaint amach trí:

- thionchar a imirt ar bheartas poiblí agus ar an reachtaíocht;
- oibriú lena chinntiú go mbíonn seirbhísí do Dhaoine faoi Mhíchumas ar an gcaighdeán agus ar an gcáilíocht is airde.

Shocraigh an NDA gur cur chuige bunaithe ar chearta sibhialta agus daonna a bheadh mar aidhm lena chuid oibre. Shocraigh an NDA go sonrach, díriú ar na nithe seo a leanas a bhaint amach:

- cinntiú go bhfuil áit lárnach ag riachtanais agus ag cearta Dhaoine faoi Mhíchumas i ngach gné de shaol na hÉireann;
- cumhachtú Dhaoine faoi Mhíchumas agus a bpáirt i gcinntí a mbíonn tionchar acu ar a saol féin a chur chun cinn;
- bonn a chur faoi aisling uileghabhálach i measc gach earnáil de phobal na hÉireann.

## Tosaíochtaí Straitéiseacha

Ba iad seo a leanas tosaíochtaí straitéiseacha an NDA arís i 2003:

- Forbairt a dhéanamh ar pholasaithe a chothaíonn stádas comhionannais do dhaoine faoi mhíchumas;
- Tacaíocht a thabhairt agus monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmiú an chláir le seirbhísí poiblí a dhéanamh inrochtana do dhaoine faoi mhíchumas
- Oibriú chun tionchar a imirt ar mheon an phobail in Éirinn
- An cleachtas is fearr a chinntiú i seirbhísí do dhaoine faoi mhíchumas

Léirítear sa tuarascáil seo an dóigh ar chuidigh an obair a rinneamar i rith 2003 chun an ár misean agus ár n-aisling a bhaint amach.

Ar ais go dtí an clár



# SRACFHÉACHAINT AR 2003 – CÉIMEANNA SUNTASACHA NA BLIANA

# CAIBIDIL 1

## Oideachas agus Feasacht

Is dócha go gcuimhneofar ar 2003 mar bhliain inar cuireadh béim ar leith ar oideachas agus fheasacht míchumas ag leibhéal náisiúnta, Eorpach agus idirnáisiúnta. In Éirinn, d'fhoilsigh an tOireachtas an Bille um Oideachas do Dhaoine faoi Mhíchumas 2003. D'ainmnigh an Eoraip an bhliain mar Bhliain na hEorpa do Dhaoine faoi Mhíchumas (EYPD) agus reáchtáladh na Cluichí Samhraidh na nOilimpeacha Speisialta in Éirinn. Tharraing na rudaí sin ar fad le chéile aird ar cheisteanna faoin míchumas i gcuid mhaith gnéithe den saol. Bhí, agus tá go fóill, ról oideachasúil ag na himeachtaí sin, sa chéad dul síos chun tionchar a imirt ar mheon i leith Daoine faoi Mhíchumas in Éirinn agus, rud tábhachtach fós, chun tionchar díreach a imirt ar obair scoile agus taobh istigh den earnáil oideachais.

## An Bille um Oideachas do Dhaoine faoi Mhíchumas 2003

Foilsíodh an Bille um Oideachas do Dhaoine faoi Mhíchumas 2003 i mí Iúil 2003, agus is céim mhór chun cinn í sa reachtaíocht oideachais. Tar éis a fhoilsithe, d'ullmhaigh an NDA aighneacht i scríbhinn don Chomhchoiste Oireachtais um Oideachas agus Eolaíocht agus rinne sé cur i láthair ó bhéal ina dhiaidh sin.

## Cor Nua

Admhaítear sa Bhille go mbeidh an ceart céanna ar oideachas ag Daoine faoi Mhíchumas agus a bheidh ag a gcomhaoisigh atá gan mhíchumas. Beidh an t-oideachas 'uileghabhálach' agus 'comhtháite' mura mbíonn cúiseanna sonracha ann go bhfuil gá le socrúchán speisialta do pháiste le riachtanais speisialta oideachasúla. Rud tábhachtach, tá sé mar aidhm ag an reachtaíocht bheartaithe seo go bhfágfaidh daoine faoi mhíchumas an scoil agus na scileanna cuí acu chun páirt a ghlacadh sa phobal, an oiread agus is acmhainn dóibh, agus saol neamhspleách a bheith acu. Cuirtear béim sa Bhille freisin ar pháirt na dtuismitheoirí in oideachas na bpáistí a bhfuil míchumas orthu. Ní mór dul i gcomhairle le tuismitheoirí maidir le hoideachas a gcuid páistí, iad a choinneáil ar an eolas maidir le dul chun cinn an pháiste agus iad a bheith páirteach san fhoireann a ullmhaíonn an plean oideachais.

Leagtar ról lárnach ar phríomhoide na scoile sa Bhille maidir le hoideachas pháistí a bhfuil míchumas orthu. Beidh scoileanna agus daltaí i dteideal acmhainní agus cúnamh breise chun cuidiú le feidhmiú an phlean don dalta. Déanfar athbhreithniú rialta ar an bplean agus tabharfar tuairiscí do na tuismitheoirí ar dhul chun cinn an pháiste. Is féidir aighneas, nuair a thagann a leithéid chun cinn, a chur faoi bhráid an Bhoird Achomhairc lena shocrú.

Tá ról ag na hAirí Oideachais agus Eolaíochta, Sláinte agus Leanaí, agus Airgeadais faoin mBille. Aistreofar go leor den obair a dhéanann an Roinn Oideachais faoi láthair go dtí an Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta a bheidh i bhfeighil páistí atá ag freastal ar scoileanna. Pléifidh na Boird Sláinte le páistí nach bhfuil i scoileanna. Samhlaítear leis an mBille go mbeidh comhordú agus cur chuige seasta idir na gníomhaireachtaí éagsúla agus tá foráil ann do ról Oifigigh Idirchaidrimh chun a chinntiú go dtarlóidh sin.

## Gealltanais agus deacrachtaí

Cé go bhfuil neart pointí láidre sa Bhille, is ábhar imní don NDA roinnt de na laigí agus de na bearnaí atá ann.

Baineann ceann de na mórdheacrachtaí leis an mBille leis an ngeallúint atá tugtha faoi bhreis tacaíochta. Gealltar sa Bhille go gcuirfear acmhainní ar fáil do scoil ar mhaithe le hoideachas an dalta ábhartha, ach acmhainní (de facto airgead) a bheith ar fáil chuige sin. Is féidir achomhairc maidir le leibhéal na tacaíochta breise don pháiste a chur faoi bhráid an Bhoird Achomhairc. Ach ansin féin, caithfidh an Bord na hacmhainní atá ar fáil a chur san áireamh agus cinneadh á dhéanamh faoin scéal.

Ceann eile de na príomhdheacrachtaí atá leis an mBille is ea an tráthchlár don phleanáil chun oideachas / oiliúint bhreise a chur ar dhuine tar éis dó/di an córas dara leibhéil a fhágáil. Leagtar síos nach mór go dtarlóidh an phleanáil do riachtanais bhreise oideachasúla ag tráth nach deireanaí ná 12 mí sula mbíonn 18 mbliana slánaithe ag an bpáiste. Is iomaí dalta a fhágann an dara leibhéal sula mbíonn seacht mbliana déag slánaithe acu. Beidh roinnt acu sin, más beagán féin é, ar daltaí iad atá faoi mhíchumas agus ba cheart go dtosófaí aon fhoráil do bhreis oideachais níos luaithe ná sin, agus ag pointe nach deireanaí ná bliain sula mbíonn an páiste ag teacht go ceann cúrsa na sraithe oideachais atá éigeantach.

Forbairt eile é an t-athrú ar shainmhíniú an mhíchumas seachas mar a bhí cheana sa reachtaíocht oideachais. Tá sainmhíniú cuimsitheach san áireamh san Acht Oideachais 1998 a mbaintear leas as chomh maith sa reachtaíocht Chomhionannas Fostaíochta. Tá an sainmhíniú ar 'míchumas' in Acht Oideachais 1998 le haisghairm agus an sainmhíniú ar 'míchumas oideachasúil' le cur isteach san Acht Oideachais. Cáineadh an t-athrú sin ina lán aighneachtaí le linn an comhairliúcháin faoin mBille.

Mar fhocal scoir, tá an tréimhse ama don athrú a bheartaítear rófhada. Déanfaidh grúpa feidhmiúcháin moltaí agus ina dhiaidh sin ba cheart go mbeadh na forálacha i bhfeidhm taobh istigh de cúig bhliana. Go praiticiúil, ciallaíonn sin go mbeidh sé bliana caite sula mbeidh forálacha an bhille i bhfeidhm. Sa chás sin, is

dócha go mbeidh an mhoill atá ag cur isteach ar sholáthar oideachais speisialta go dtí seo ag leanúint ar aghaidh go ceann roinnt mhaith blianta eile.

## Equal Citizens

I rith na bliana lean an NDA ag freastal ar an nGrúpa Comhairliúcháin um Reachtaíocht Mhíchumas (DLCG). Bunaíodh an DLCG chun moltaí faoi ghnéithe lárnacha den reachtaíocht mhíchumas a chur le chéile agus sin amháin. Cuireadh an foilseachán, *Equal Citizens*, faoi bhráid an Rialtais i mí Feabhra 2003.

I rith na bliana d'eagraigh an DLCG roinnt cruinnithe le comhaltaí den Oireachtas, ina measc an Taoiseach, Bertie Ahern, T.D., An tAire Stáit ar a bhfuil cúram maidir le Míchumas, Willie O'Dea T.D., agus An Tánaiste, Mary Harney.

I gcomhar le EYPD, reáchtáil an DLCG ceithre cheardlann um fhorbairt acmhainne i mBaile Átha Cliath, i gCorcaigh, i nGaillimh agus i bPort Laoise agus tugadh faoi fheachtas feasachta a bhí dírithe go sonrach ar na meáin chumarsáide.

D'eagraigh an DLCG seimineár poiblí ar an 16 Nollaig 2003 faoiu teideal, *Rights, Entitlements and Legislation – The Challenge for Disability Legislation in Ireland*. Beidh tuarascáil ar imeachtaí an tseimineáir sin ar fáil i 2004.

## Caighdeáin Náisiúnta do Sheirbhísí Míchumais

I gcomhar leis an Roinn Sláinte & Leanaí, cuireadh tús leis an bpróiseas forbartha ar chaighdeáin náisiúnta do sheirbhísí míchumais nuair a cuireadh dréachtchaighdeáin i láthair ag comhdháil náisiúnta in Eanáir 2003. Reáchtáladh seacht gcruinniú comhairliúcháin réigiúnacha ina dhiaidh sin agus d'eascair an dara dréacht de chaighdeáin astu. Eisíodh an dara dréacht in Aibreán 2003.

Tá na Caighdeáin Náisiúnta do Sheirbhísí Míchumais forbartha chun a chinntiú go gcuirtear seirbhís ar fáil ar leibhéal aontaithe cáilíochta atá ag an leibhéal céanna ar fud na tíre. Ciallaíonn sin gur féidir le daoine faoi mhíchumas a bheith ag súil leis an gcaighdeán céanna seirbhíse i mBaile Átha Cliath agus a bheadh acu dá mbeidís ina gcónaí i nDún na nGall.

Ina theannta sin, bhunaigh an Roinn Sláinte agus Leanaí Grúpa Oibre chun comhairle a chur ar fáil faoi fhorbairt leanúnach ar na caighdeáin, agus an impleacht phraiticiúil a bhaineann le soláthar seirbhísí, rud atá tábhachtach.

## Athchóiriú an Dlí Míchumais

I mí Meán Fómhair 2003, d'eagraigh an NDA, an Coimisiún Cearta Daonna, agus Dlí-Chumann na hÉireann comhdháil phoiblí faoi na claonta domhanda sa dlí a bhaineann le míchumas. Tugadh le chéile daoine iomráiteacha as earnála an mhíchumais, chearta daonna agus an dlí ag an gcomhdháil chun comhthéacs a shocrú don athchóiriú reatha ar an dlí maidir le míchumas in Éirinn.

Sa chéad seisiún, *Global Trends in Disability Law Reform*, rinne Stefano Sensi, Oifigeach Cearta Daonna ag an Oifig Ard-Choimisiúin um Chearta Daonna (OHCHR) sa Ghinéiv, plé faoi ullmhúchán chonradh na NA ar chearta daonna do dhaoine faoi mhíchumas ina aitheasc *The UN – Anchoring Disability as a Human Rights Issue*. Chuir Barbara Nolan ó Choimisiún na hEorpa dearcadh an AE i láthair lena páipéar, *The EU – Advancing the Equality Agenda in Europe*, agus thug Caroline Gooding ón Disability Rights Commission sa Ríocht Aontaithe cuntas ar thaithí Chúirteanna na Breataine ag cur Choinbhinsiún na hEorpa um Chearta Daonna i bhfeidhm i dtaca le ceisteanna míchumais.

*The Enforceability Debate; the Challenges Ahead*, an téama a bhí ann nuair a chuir an Dr Gerard Quinn, Ollamh le Dlí in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh agus ball de Choimisiún Cearta Daonna na hÉireann an páipéar *Effective Remedies and Other Challenges* i láthair. Ba é an Dr Rory O'Donnell ón gComhairle Náisiúnta Eacnamaíoch agus Sóisialta (NESC) a chuir an páipéar deireanach i láthair ag an gcomhdháil faoin téama *Beyond Justiciable Rights – Standard and Quality*.

## Torthaí a Mheas

Agus saolré an chéad Phlean Straitéise, *A Matter of Rights*, ag teannadh lena dheireadh, d'iarr an NDA aighneachtaí ó eagraíochtaí agus ó dhaoine aonair leasmhara maidir le trí ábhar:

1. A bhfuil bainte amach ag an Údarás agus bearta inar éirigh leis ó bunaíodh é;
2. Réimsí den obair a d'fhéadfadh an tÚdarás a fheabhsú;
3. Ord tosaíochta do bhearta ba cheart don Údarás a leanacht chun na príomhaidhmeanna atá aige a bhaint amach.

Rud a bhí iontach tábhachtach ná gur thacaigh na freagróirí le Misean agus le Bunluachanna an Údaráis faoi mar a leagadh amach iad sa chéad phlean. Chomh maith leis sin, mheas na freagróirí go mba shuntasach an méid a bhí bainte amach ag an NDA ag cur treoirlínte le chéile; ag ardú feasachta faoi cheisteanna a bhaineann le daoine faoi mhíchumas; comhairliúchán le daoine faoi mhíchumas agus le páirtithe leasmhara tábhachtacha; imirt tionchair ar pholasaí agus ar reachtaíocht; agus ag forbairt chaighdeáin náisiúnta sheirbhíse do dhaoine faoi mhíchumas. Tugadh aitheantas freisin do na hiarrachtaí chun meon daoine a athrú i leith daoine faoi mhíchumas, agus don taighde atá déanta, mar réimsí ina raibh ag éirí go maith leis an NDA.


Luaigh freagróirí roinnt réimsí a d'fhéadfaí a fheabhsú, ina measc próifíl an NDA, go háirithe ag an leibhéal áitiúil, agus an gá go mbeadh níos mó céille leis an gcomhairliúchán.

Nuair a fiafraíodh cé na nithe ar cheart tús áite a thabhairt dóibh sa chéad phlean straitéiseach eile, ba iad seo na freagraí ba mhinicí a fuarthas – cothú feasacht an phobail ar cheisteanna a bhaineann le míchumas, cur le próifíl phoiblí an NDA agus maoirseacht a dhéanamh ar fheabhsú agus ar fhorbairt seirbhísí cuí do dhaoine faoi mhíchumas.

Cuirfear gach freagra ábhartha san áireamh sa Phlean Straitéiseach, 2004-2006.

Ar ais go dtí an clár

Ar ais go dtí an clár



# POLASAITHE A FHORBAIRT TRÍ THAIGHDE

# CAIBIDIL 2

## Tosaíocht Straitéise 1: Forbairt a dhéanamh ar pholasaithe a chothaíonn comhionannas stádais do dhaoine faoi mhíchumas.

Measann an NDA gurb é an príomhbhealach ina mbainfear amach an chéad tosaíocht straitéise atá aige ná cur leis an bpolasaí agus leis reachtaíocht náisiúnta, agus tionchar a imirt orthu, agus ina theannta sin feasacht a chothú faoin reachtaíocht ábhartha Eorpach agus idirnáisiúnta. Dhírigh go leor den obair a rinneadh i 2003 ar an tosaíocht seo. Lean an NDA ag díriú ar chúig mhór-réimse dá pholasaí oibre; sláinte, oideachas, iompar agus ioncam cuí, mar aon le cúrsaí fostaíochta agus oiliúna.

Tá léargas achomair tugtha ar chuid de bhuaicphointí na hoibre sa Chaibidil *Sracfhéachaint ar 2003*. Tugtar léiriú ar obair eile sa Chaibidil seo agus leagtar amach gach aighneacht pholasaí a rinneadh i rith na bliana in Aguisín I.

## Taighde – luamhán an pholasaí

Ionas gur féidir polasaí infheidhmithe a fhorbairt, ní mór don NDA sonraí agus fianaise a bhailiú ar dtús le gur féidir leas a bhaint astu ina dhiaidh sin mar luamháin atá bunaithe ar fhíricí chun polasaí a threorú agus chun tionchar a imirt ar athruithe. D'oibrigh rannóg polasaí an NDA go dlúth leis an bhfoireann taighde chun a chinntiú go raibh gach aighneacht agus gach moladh faoi pholasaí bunaithe ar thaithí fhírinneach.

## Comhionannas – Bunluach

Tá an NDA tiomanta do chomhionannas agus lánpháirtíocht a bheith ag daoine faoi mhíchumas i saol na hÉireann. Cuid shlán den chlár oibre comhionannais is ea an míchumas.

### Promhadh an Chomhionannais

I rith 2003, lean an NDA ag obair leis an nGrúpa Idir-Ranna maidir le promhadh an Chomhionannais, agus ag cur leis an bhforbairt ar:

- Measúnú ar Thionchar Comhionannais do Bhoird Forbartha Cathrach agus Contae;
- Imscrúdú ar Phromhadh Comhtháite mar Bhealach chun Cinn;
- Imscrúdú ar Mhúnlaí Cuí maidir le Dualgas Reachtúil;
- Obair phíolótach ar roinnt Tograí Promhaidh Chomhionannais laistigh den earnáil phoiblí.

## Sláinte agus folláine

I rith 2003, lean an NDA dá obair le comhghleacaithe sna hearnálacha sláinte, míchumais agus comhionannais chun tacú le forbairt agus cur i bhfeidhm reachtaíochta agus pholasaí sláinte.

### Coiste Comhairleach um Shláinte Mheabhrach

Tagann na comhaltaí atá ar an gCoiste Comhairleach um Shláinte Mheabhrach (MHAC) as réimsí daoine a bhfuil taithí acu ar dheacrachtaí a bhaineann le sláinte mheabhrach, cúramóirí / gaolta, eagrais neamhreachtúla, eagrais ghairmiúla, soláthróirí seirbhíse reachtúla agus neamhreachtúla agus an Roinn Sláinte agus Leanaí. Tá liosta de na comhaltaí in Aguisín IV.

I rith 2003, tháinig an MHAC iomlán le chéile ceithre huaire. Bunaíodh trí fhochoiste, Abhcóideacht, Meon agus an tAcht Sláinte Mheabhrach. Tháinig foghrúpaí den MHAC le chéile chun comhairle a chur faoi staidéar an NDA,

*Review of Access to Mental Health Services for People with Intellectual Disability*, agus le tuairimí a thabhairt ar dhréachtcháipéis an Ghrúpa Comhairliúcháin um Reachtaíocht Mhíchumais, *Equal Citizens: Proposals for Core Elements of Disability Legislation*.

### Foréigean ar mhná atá faoi mhíchumas

D'fhoilsigh an NDA agus Women's Aid foilseachán dar teideal *Responding to Violence against Women with Disabilities* a bhí bunaithe ar na himeachtaí ag seimineár a reáchtáladh i gcomhpháirtíocht i 2002. Rinneadh dáileadh forleathan ar an bhfoilseachán in earnálacha an mhíchumais, na mban agus na sláinte. Cuireadh an togra i láthair freisin don Choiste Stiúrtha Náisiúnta um Fhoréigean ar Mhná agus le Painéal Míchumais Chomhairle Náisiúnta Ban na hÉireann.

## Oideachas

Mar a léiríodh cheana, is dócha go mbeidh cuimhne ar 2003 mar bhliain inar cuireadh béim ar an oideachas ag leibhéal náisiúnta, ag leibhéal na hEorpa agus ag leibhéal idirnáisiúnta.

### Léiriúcháin Oideachais

Thug an NDA léiriúcháin ag comhdhálacha oideachais i rith na bliana, ina measc seimineár maidir le hOideachas Speisialta ag Cumann na Meánmhúinteoirí, Éire (ASTI), ag lánseisiún ag comhdháil Chumann na hÉireann um Múinteoirí Oideachais Speisialta (IATSE) agus ag an chéad seisiún de chomhdháil Chumann Tacaíochta Foghlama na hÉireann (ILSA).

Rinneadh cur i láthair eile le Stiúrthóirí Ionad Oideachais, le múinteoirí atá ag obair san oideachas speisialta agus le teachtaí ón mBord Sláinte Lár Tíre.

### Oiliúint Mhúinteoirí

Tuigeann an NDA an ról lárnach atá ag múinteoirí san oideachas do dhaoine faoi mhíchumas agus dá bhrí sin, bhí páirt aige san anailís a rinneadh ar na riachtanais oiliúna scoile ag an dara leibhéal. Bhí baint ag an NDA freisin le seoladh Dioplóma Iarchéime agus Céim Mháistreachta san Oideachas Speisialta i gColáiste Mhuire gan Smál i Meán Fómhair 2003.

### Treoirlínte – Daltaí a bhFuil Deacrachtaí Ginearálta Foghlama Acu

Tá sraith de 23 dhréacht-treoirlíne curtha ar fáil ag an gComhairle Náisiúnta Churaclaim agus Measúnachta (NCCA) an t-eagras ar a bhfuil cúram forbartha curaclaim air, le n-úsáid ag múinteoirí atá ag teagasc daltaí a bhfuil deacrachtaí ginearálta foghlama acu. Reáchtáil an NDA seimineár ag ar leag ionadaí thar ceann an NCCA amach formáid, réimse agus úsáid na gcáipéisí sin i scoileanna agus ina dhiaidh sin rinne an NDA aighneacht mhionsonraithe faoi shocrú críochnúil na dtreoirlínte.

## Fostaíocht

### Forbairt Bheartas Fostaíochta

Léiríonn staitisticí go bhfuil an ráta dífhostaíochta i measc daoine faoi mhíchumas díreach faoi bhun 60%. Ciallaíonn sin dáiríre go bhfuil os cionn 130,000 duine faoi mhíchumas ag brath ar íocaíocht easnamhach leasa shóisialaigh de chineál éigin. Ciallaíonn sin gur lú an t-ioncam indiúscartha atá ag daoine faoi mhíchumas mar ghrúpa ná mar atá ag daoine gan míchumas, agus gur ísle an caighdeán maireachtála atá acu dá réir. Cás suntasach náisiúnta is ea feabhsú an ráta fostaíochta i measc daoine faoi mhíchumas.

Ar feadh 2003, bhí baint ag an NDA le *Make the Difference through Employment*, sraith de chomhdhálacha do fhostóirí inar cuireadh fostaíocht dhaoine faoi mhíchumas chun cinn agus é maoinithe mar chuid de Bhliain na hEorpa do Dhaoine faoi Mhíchumas.

### Aighneacht faoi NAPs

Rinne an NDA aighneacht i scríbhinn faoi fhorbairt an Phlean Gníomhaíochta Náisiúnta in aghaidh na Bochtaine agus an Eisiata Sóisialta, 2003 – 2005. Bhí béim san aighneacht ar an ngá atá le laghdú ar an mbochtaineacht a fhulaingíonn daoine faoi mhíchumas agus moladh réimse táscairí chun promhadh a dhéanamh ar comhionannas sna seirbhísí poiblí.

### Fiúntas Ioncaim

Sa mheasúnú a rinne an NDA dúradh go neamhbhalbh gur cheart go mbeadh tacaíocht cothabhála ioncaim á fáil ag daoine faoi mhíchumas agus é a bheith ar a laghad ar chomhleibhéal leis an méid a fhaigheann daoine ar scéimeanna cothabhála ioncaim eile. Moladh chomh maith go bhfuil gá le tacaíochtaí forlíontacha chun cur i gcoinne na gcostas breise a bhaineann le míchumas, agus béim á

cur ar an ngá a bhí le rochtain ar fhostaíocht agus deireadh a cur leis na "gaistí sochair" atá ina ndíspreagadh don fhostaíocht. Chomh maith leis sin, mhol an NDA go ndéanfaí íocaíochtaí go díreach leis an té atá ina dteideal agus go mbeadh ceart abhcóideachta agus comhairle ag an té sin i dtaca leis an mbealach chun na híocaíochtaí a úsáid.

Chomh maith leis sin, agus taighde á dhéanamh ar íocaíocht na gCostas Míchumais, d'fhostaigh an NDA an comhlacht Indecon International Economic Consultants chun scrúdú a dhéanamh ar na riachtanais bhreise caiteachais atá ag daoine faoi mhíchumas agus chun plé a dhéanamh faoi roghanna polasaí i bhfianaise an tsoláthair reatha. Tá súil an tuarascáil a fhoilsiú in Earrach 2004. (Féach caibidil 3 chun sonraí a fháil).

### Polasaí Tithíochta a Chur Chun Cinn

D'aithin an tÚdarás an géarghá atá le soláthar de réimse roghanna tithíochta agus cóiríochta inrochtana do dhaoine faoi mhíchumas, agus tarraingíodh aird ar na príomhcheisteanna sin sna meáin chumarsáide náisiúnta.

D'iarr an NDA go n-ardófaí an maoiniú ar an Deontas do Dhuine faoi Mhíchumas in aighneacht a rinneadh i gcomhar le Comhairle chuig an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil.

D'éiligh an NDA freisin go gcuirfí maoiniú urraithe ar fáil do Scéim an Chúntóra Pearsanta agus scéim shonraithe mhaoinithe do sheirbhísí bainistíochta agus tacaíochta i dtograí tithíochta sóisialta chun cur leis na roghanna cóiríochta a bheadh ag daoine faoi mhíchumas.

Mar gheall ar an moill ar oiriúnú tithe is minic nach féidir daoine faoi mhíchumas a ligean amach as an ospidéal, sin nó aistrítear chuig cóiríocht mhí-oiriúnach eatramhach iad ar chostas suntasach Stáit.

Dá n-ardófaí an maoiniú don oiriúnú chinnteodh sin go ndéanfaí freastal níos gasta ar éilimh dhaoine atá ar liostaí feithimh, rud a cheadódh dóibh maireachtáil go neamhspleách nó le tacaíocht i dtithíocht oiriúnach.

## Taighde – Cnámh Droma Riachtanach an Pholasaí

Mar atá léirithe thuas, ba é an taighde an tacaíocht riachtanach a bhí ag polasaí an NDA i rith 2003. Dhírigh an NDA ar thaighde agus ar shonraí nua a bhailiú, bunaithe ar na cleachtais agus ar an taithí idirnáisiúnta is fearr, mar aon le forbairt a dhéanamh ar acmhainn taighde in Éirinn.

## Bailiú Taighde agus Sonraí

### Coiste Comhairleach um Thaighde

Tháinig an Coiste Comhairleach um Thaighde (RAC) le chéile trí huaire i 2003 (Féach Aguisín IV do chomhaltaí an choiste). Rinne sé athbhreithniú ar obair an aonaid taighde, rinne sé maoirsiú ar roghnú na scoláirí taighde chomh maith le tograí a ndearnadh maoiniú orthu faoin Scéim Chothaithe Taighde. Chuir sé comhairle ar Bhord an NDA freisin faoi thosaíochtaí taighde chun feabhas a chur ar shonraí bonnlíne don phlean straitéise seo romhainn, lena n-áirítear an Staidéar Náisiúnta Míchumais atá beartaithe agus na hiarrachtaí atá ar siúl leis an oiread leasa agus is féidir a bhaint as bunachair sonraí riaracháin mar fhoinsí eolais.

### Míchumas a Shainmhíniú go hIdirnáisiúnta

Shocraigh an NDA i 2002 go scrúdófaí na buntáistí a bheadh le húsáid Rangú Idirnáisiúnta ar Fheidhmiú agus ar Mhíchumas (ICF) mar chreat chun staidrimh agus sonraí a bhailiú faoin míchumas in Éirinn, an Staidéar Náisiúnta Míchumais atá beartaithe san áireamh. Eagraíodh dhá sheimineár ag a ndearna réimse leathan páirtithe leasmhara plé faoin ICF.

Ag cur leis an obair sin, chuir an Dr Anne Good dhá pháipéar comhdhála eile i láthair faoin scéal mar atá in Éirinn. Cuireadh páipéar eile, a raibh an Dr Anne Good agus an Dr Donal McAnaney ó Rehab International mar chomh-údair air, i láthair ag an gcruinniú a bhí ag Rehab International in Durban san Afraic Theas.

I rith 2003 freisin, bhí caidreamh ag an NDA leis an UN Washington City Group a bhfuil sé de chúram air forbairt a dhéanamh ar tháscaire domhanda míchumais chun é a úsáid le sonraí agus staitisticí a bhailiú go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta. Tá an obair sin á déanamh faoi anáil an ICF chomh maith.

## Staidéar Náisiúnta Míchumais

Leagadh amach togra píolótach don chéad Staidéar Náisiúnta Míchumais in Éirinn i 2002 agus cuireadh i bhfeidhin é i rith 2002-3 ag foireann ar a raibh an ESRI agus an tIonad Staidéir Mhíchumais, Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath. Fuair an fhoireann comhairle ó shainchomhairleoir míchumais, Jacqui Browne, ó Ghréasan Chiarraí do Dhaoine faoi Mhíchumas, agus ón gCoiste Comhairleach um Thaighde, ar a bhfuil ionadaíocht ag réimse leathan d'eagrais mhíchumais, mar aon leis an bPríomhoifig Staidrimh agus an NDA.

Bhain an fhoireann úsáid as Rangú Idirnáisiúnta ar Fheidhmiú agus ar Mhíchumas (ICF) na hEagraíochta Domhanda Sláinte mar uirlís taighde chun a chinntiú go mbeadh sé inchomparáide go hidirnáisiúnta. Cuireadh na torthaí ón staidéar píolótach i láthair an Údaráis i mí na Nollag, agus iontu sin bhí tátail faoi na buntáistí nó a mhalairt a bhain le húsáid an ICF. I bhfianaise na dtorthaí sin, rinneadh athscríobh ar an moladh a thug an NDA don Rialtas in 2002 i dtaca leis an Staidéar Náisiúnta Míchumais.

## An Dara Comhdháil um Thaighde Míchumais

Ós rud é go bhfuil a lán imní léirithe don NDA faoi chleachtas taighde i réimse an mhíchumais, socraíodh tabhairt faoi obair ar eitic sa taighde míchumais. Ullmhaíodh dréacht de threoirlínte eiticiúla maidir le obair thaighde le daoine faoi mhíchumas i 2002, chun go mbeadh sé ina bhunús le cód cleachtais deonach do thaighde socheacnamaíoch san AE. Cuireadh na dréacht-treoirlínte sin i láthair ina dhiaidh sin ag an dara Comhdháil Thaighde bhliantúil an NDA faoin teideal, *Towards Ethical Guidelines for Disability Research* a reáchtáladh ar an 2 Nollaig 2003.

I measc na bpríomhchainteoirí ag an gcomhdháil, bhí an Dr Ron Iphofen agus an Dr Sally Dench a bhfuil baint acu leis an togra RESPECT, togra atá á mhaoiniú ag an AE chun treoirlínte gairmiúla agus eiticiúla a fhorbairt do thaighde socheacnamaíoch ar fud an AE. Ar na daoine eile a rinne léiriúcháin bhí an Dr Gillian McColgan, Stirling University, a bhfuil taighde déanta aici ar dhaoine le néaltrú; an Dr Jean Whyte, Stiúrthóir ionad Taighde ar Pháistí, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath; agus an Dr Anne Good, Oifigeach Taighde Sinsearach, NDA, a

dhréachtaigh na treoirlínte eiticiúla don taighde ar mhíchumas in Éirinn. Bhí slua mór thart ar 170 duine i láthair, agus bhíothas bríomhar sa rannpháirtíocht ag na seisiúin cheardlainne a eagraíodh faoi cheithre théama lárnacha sna dréacht-treoirlínte mar bheart comhairliúcháin do fhorbairt na cáipéise.

### Leanaí agus míchumas

Rinne an NDA maoiniú ar thogra de chuid an Ionaid Taighde Leanaí i gColáiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath i rith 2003 chun plé-cháipéis, treoirlínte agus liosta seiceála a fhorbairt do thaighdeoirí atá ag tabhairt faoi thaighde ar leanaí a bhfuil míchumas orthu. Rinneadh léiriúchán den togra sin ag an gcomhdháil *Measuring Child Well-Being*, Cumann Síceolaíochta na hÉireann agus an dara Comhdháil Taighde Náisiúnta um Míchumas de chuid an NDA féin.

Thacaigh an NDA leis an taighde (a ndearna an NDA páirtmhaoiniú air freisin) a rinne an tIonad Taighde Leanaí, Coláiste an Tríonóide, Baile Átha Cliath (TCD) don Ospidéal Náisiúnta Athshlánúcháin maidir le cásanna leanaí Éireannacha a fuair gortú inchinne. Sheol an tAire Sláinte, Micheál Martin, an tuarascáil i Meitheamh 2003.

### Míchumas sa Staidreamh Náisiúnta

Bhí an tAonad Taighde i gcomhairle leis an Phríomhoifig Staidrimh i rith 2003 i dtaca le ceisteanna leasaithe faoin míchumas a chur i nDaonáireamh 2006, agus ceisteanna faoin míchumas a bheith mar chuid de na príomhstaidrimh shocheacnamaíochta eile freisin. Rinneadh aighneacht leis CSO freisin maidir le hábhar na tuarascála *Disability and Caring* atá bunaithe ar shonraí Dhaonáireamh 2002.

### An Cleachtas is Fearr – Seirbhísí do Dhaoine faoi Mhíchumas

I 2003, d'ullmhaigh an NDA páipéar don Roinn Sláinte agus Leanaí inar scrúdaíodh múnlaí idirnáisiúnta de sheirbhísí cúnaimh phearsanta. Leanfaidh foireann taighde an NDA i 2004 ag cur le hobair an Ghrúpa Oibre um Sheirbhísí Cúnaimh Pearsanta faoi chathaoirleacht na Roinne. Críochnaíodh an taighde faoi habhcóideacht a choimisiúnaigh an tÚdarás Náisiúnta Míchumais (NDA) agus a rinne an tIonad Staidéir Mhíchumasi, Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath i 2003. Rinneadh scrúdú sa taighde sin ar na córais agus ar na múnlaí abhcóideachta ab fearr a d'oirfeadh do dhaoine faoi réimse míchumas in Éirinn sa lá atá inniu ann. Breathnaíodh sa tuarascáil

freisin ar an mbrí atá le habhcóideacht agus na leaganacha éagsúla di a d'fhéadfadh a bheith ann, chomh maith le scrúdú a dhéanamh ar fheidhmiú na habhcóideachta in Éirinn agus thar lear.

Ansin léiríodh moltaí faoi fhorbairt an tsoláthair abhcóideachta in Éirinn agus na réimsí inarbh fhiú breis taighde a dhéanamh.

### Costas an Mhíchumais

Tar éis an tiomantais sa Chlár um Rathúnas agus Cothroime, cuireadh Grúpa Oibre idir-Rannach ar bun chun scrúdú a dhéanamh an bhféadfaí íocaíocht a dhéanamh ar Chostas Míchumais agus d'iarr an Grúpa ar an NDA taighde sa réimse sin a choimisiúnú. Fostaíodh Indecon International Economic Consultants chun an taighde a dhéanamh, tar éis próiseas tairisceana, agus iarradh orthu scrúdú a dhéanamh ar na riachtanais bhreise chaiteachais atá ag Daoine faoi Mhíchumas, agus roghanna polasaí a phlé i bhfianaise an tsoláthair atá ann faoi láthair.  Tá súil an tuarascáil sin a fhoilsiú in earrach 2004.

### Faisnéis a Thabhairt agus Meon a Athrú

Thacaigh an NDA le sciar na hÉireann de staidéar ilnáisiúnta a rinneadh, dírithe ar a fháil amach cé na bacanna meoin atá in aghaidh glacadh le Daoine faoi Mhíchumas Intleachta ar fud an domhain.

Rinneadh coimisiúnú ar an grúpa cumarsáide agus margaíochta sóisialta, Ogilvy Consultants, chun scrúdú a dhéanamh ar straitéisí a mbeadh tionchar acu ar mheon an phobail maidir le Daoine faoi Mhíchumas, mar aon le hathbhreithniú a dhéanamh ar an gcleachtas is fearr thar lear.  Rinneadh maoiniú ar an togra seo faoi Bhliain na hEorpa do Dhaoine faoi Mhíchumas (EYPD) agus tugadh faoi i gcomhar le Rehab.

## Acmhainn Taighde a Mhéadú

Chun sonraí sainiúla Éireannacha a chur le chéile, maidir le réimse leathan de chúinsí míchumais, ní mór don NDA leanúint ag spreagadh daoine agus eagraíochtaí chun taighde a dhéanamh go háitiúil agus go náisiúnta.

Rinneadh tuilleadh forbartha i rith na bliana ar chlár de dhaoine a bhfuil taithí taighde acu maidir le míchumas. Tá ainmneacha na dtaighdeoirí i réimse an mhíchumais atá

lonnaithe in Éirinn ar an gclár seo agus tá sé sin mar bhonn leis an liosta ciorcláin i gcomhair tairiscintí teoranta ar an obair thaighde a bhíonn á coimisiúnú ag an NDA.

Chomh maith leis sin, sheol an t- Aonad Taighde an Bunachar Taighde Míchumais ar shuíomh idirlín an NDA. Anois, is féidir le húsáideoirí cuardach a dhéanamh ar bhreis agus 400 iontráil maidir le taighde míchumais a rinneadh in Éirinn ó 1996 i leith, leabhair, altanna in irisí, tráchtais agus ábhar eile san áireamh.

Ina theannta sin, thacaigh an NDA le roinnt scéimeanna atá ag iarraidh cur go sonrach leis an acmhainn taighde.

### Scéim Chothaithe Taighde an NDA

Cuireadh Scéim Chothaithe Taighde an NDA ar bun i 2003 le héascaíocht a dhéanamh do ghrúpaí míchumais agus do eagrais phobail agus dheonacha atá ag obair ar chúinsí a bhaineann le míchumas chun gur féidir leo tabhairt faoi thaighde. Tríd an scéim seo, déantar iarracht eolas faoi chúinsí sonracha míchumais a leathnú agus a threisiú, agus trí eolas faoi na riachtanais agus cúinsí mhíchumais, go háirithe ag an leibhéal áitiúil, a chur ar fáil do lucht déanta polasaí agus do sholáthróirí seirbhíse. Roghnaíodh naoi dtogra as 47 iarratas le maoiniú a dhéanamh orthu. Féach Aguisín VI do liosta na n-eagraíochtaí ar éirigh leo.

### Scéim scoláireachta taighde

Tugann scéim scoláireachta taighde an NDA spreagadh le taighde míchumais a dhéanamh sna ollscoileanna, ag leibhéal Ph.D. go hiondúil, trí líon beag dámhachtainí bliantúla a bhronnadh. Bronnadh scoláireachtaí NDA ar na mic léinn seo a leanas i nDeireadh Fómhair 2003:

1. Máire Bergin (Ollscoil Chathair Átha Cliath) – *Scrúdú ar Ról, Feidhm, Sainmhíniú agus Riachtanais Oiliúna atá ag Cúntóirí Seomra Ranga agus Riachtanas Speisialta i gComhthéacs an Oideachais Bhunscoile agus Iarbhunscoile in Éirinn;*
2. Gabriella Hanrahan (Ollscoil Luimnigh) – *Seirbhísí Tacaíochta Fostaíochta na hÉireann: Réadúil nó Idéalaíoch;*
3. Sheelah Flatman Watson ( Ollscoil na hÉireann, Má Nuad) – *Rochtain ar Oideachas Príomhshrutha ag Leanaí Faoi Mhíchumas Intleachta.*

Táthar ag leanúint ar aghaidh leis an obair ar na tograí taighde a ceadaíodh i 2002.



# SEIRBHÍSÍ POIBLÍ A DHÉANAMH NÍOS INROCHTANA

# CAIBIDIL 3

## Tosaíocht Straitéise 2: Treorú agus monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmiú an chláir chun seirbhísí poiblí a dhéanamh níos inrochtana do dhaoine faoi mhíchumas laistigh de chúig bhliana.

Sa Chlár um Rathúnas agus Cothroime cuireadh dualgas ar an Rialtais na seirbhísí poiblí a dhéanamh inrochtana do dhaoine faoi mhíchumas. Mar chuid den chlár sin, cuireadh de fhreagracht ar an NDA treoirlínte a eisiúint a bheadh ag teacht le gnásanna idirnáisiúnta, chun bearta éifeachtacha agus caighdeáin inghlactha a chinntiú, agus suaitheantas inrochtana a bhronnadh ar oifigí poiblí a chomhlíonann iad.

D'ainmnigh an NDA trí phríomhréimse i soláthar na seirbhísí poiblí nár mhór a bheith inrochtana go hiomlán agus cuireadh tionscnaimh ar siúl chun é sin a bhaint amach. Seo a leanas na réimsí:

- Foirgnimh fhisiciúla agus an timpeallacht taobh amuigh
- Seirbhísí a sheachadtar go leictreonach
- Seirbhís Ardchaighdeáin do Chustaiméirí

## Áitribh Fhisiciúla agus an Timpeallacht Taobh Amuigh

### Tionscadal Dhearbhú Bharcelona

In Earrach na bliana 2001, d'iarr an Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí ar an NDA próiseas a bhunú chun Dearbhú Bharcelona a chur chun cinn sna húdaráis áitiúla ar fad (comhairlí contae agus baile) in Éirinn. Tá an tionscadal seo dírithe ar chuidiú a thabhairt do na húdaráis áitiúla le sochaí níos uileghabhálaí a chruthú.

Ba é an Dearbhú seo an príomhthoradh a bhí ar Chomhdháil Eorpach dar teideal *An Chathair agus Daoine faoi Mhíchumas*, a reáchtáladh i mBarcelona i Márta 1995. Seasann an Dearbhú seo leis an gceart atá ag duine faoi mhíchumas ar chomhionannas deiseanna agus tugtar aitheantas ann ar an méid a chuireann siad leis an sochaí agus leis an timpeallacht ina bhfuil cónaí orthu. Sé údarás áitiúla a ghlac leis an Dearbhú idir 1995 agus 2000. Ó ghlac an NDA páirt ann i 2001, áfach, tá glactha ag 85 chomhairle san iomlán in Éirinn le Dearbhú Bharcelona faoin am seo.

Tá Teimpléad Promhaidh Míchumais á thástáil faoi láthair le roinnt údarás áitiúla mar chúnamh dóibh agus iad ag promhadh a bpolasaithe, a gcleachtais agus a seirbhísí poiblí ón am a gceaptar agus a ndéantar forbairt orthu. Féach Aguisín V maidir le Coiste Stiúrtha um Thionscadal Dhearbhú Bharcelona.

### Foirgníocht do Gach Duine

I mí Iúil 2003, seoladh mórfheachtas bolscaireachta chun méadú ar an díolachán ar fhoilseachán an NDA *Building for Everyone*, foinse riachtanach agus treoir do ailtirí, do dhearthóirí, do bhainisteoirí foirgníochta, do lucht foirgníochta, do fhoirne rialaithe agus pleanála foirgníochta, do údaráis áitiúla, do fheachtasóirí timpeallachta agus do gach duine ar cás leo cuimsiú agus inrochtaine in Éirinn sa lá atá inniu ann. Cuirtear san áireamh ann an leasú a rinneadh sa bhliain 2000 ar Cháipéis M um Rialacháin Foirgníochta agus Treoir Theicniúil, agus an cleachtas is fearr sa timpeallacht sheachtrach.

Tá méadú agus leathnú déanta sa leabhar, ina bhfuil os cionn 200 leathanach de théacs, liostaí seiceála, líníochtaí agus léaráidí, ar fhoilseachán a bhí ar fáil roimhe seo, *Buildings for Everyone*, a d'fhoilsigh an Bord Náisiúnta Athshlánúcháin i 1998.

### Cead Isteach Gach Áit

I rith 2003, thiomsaigh an NDA athbhreithniú ar rochtain na timpeallachta foirgníochta mar atá faoi láthair maidir le Rochtain Uilíoch. Mar chuid den athbhreithniú, rinneadh forbhreathnú ar na polasaithe, na caighdeáin, na reachtaíochtaí agus na conarthaí reatha.

Tá sé beartaithe an mhonatóireacht ar an Timpeallacht Foirgníochta a chomhtháthú laistigh de chóras Ghradam Inrochtaineachta na Sheirbhísí Poiblí (PSA) a tosaíodh chun aitheantas a thabhairt don leibhéil inrochtaineachta is airde sna seirbhísí poiblí a bheith bainte amach, ag teacht leis an tiomantas atá sa Chlár um Rathúnas agus Cothroime (PPF). Mar sheirbhís don phobal, rinne an NDA iniúchadh inrochtaineachta ar a fhoirgneamh féin i mBóthar Clyde i mí Lúnasa 2003.

Lean an NDA ag obair leis an Roinn Cumársaide Mara agus Acmhainní Nádúrtha chun treoirlínte inrochtaineachta a fhorbairt agus a eisiúint i dtaca le hiompar aeir, iarnróid, bus, cóiste agus mara. I rith 2003, rinneadh ceangal freisin le hOifig na nOibreacha Poiblí (OPW), a bhfuil uirlis iniúchta forbartha aici bunaithe ar Pháirt M de na Rialacháin Foirgníochta.

## An R-Thimpeallacht

### Treoirlínte IT

I rith 2003, leanadh den leasú ar Threoirlínte IT an NDA, a d'fhorbair Frontend Usability Engineering Ltd. Cuirtear na treoirlínte ar fáil mar áis do sholáthróirí agus do cheannaitheoirí tháirgí agus sheirbhísí Theicneolaíocht an Eolais agus na Cumarsáide (TEC). An aidhm atá leo ná treoir a thabhairt chun a chinntiú go mbeidh na táirgí agus na seirbhísí sin chomh hinrochtana agus is féidir do dhaoine, daoine faoi mhíchumas san áireamh.

Seo a leanas na teicneolaíochtaí a thagann go sonrach faoi na treoirlínte:

- suíomhanna Idirlín agus feidhmchláir ar líne;
- teirminéil rochtana poiblí, ar nós ATM, cábáin eolais, meaisíní díolta ticéad, taispeántais faisnéise agus léitheoirí cártaí;
- gairis agus seirbhísí teileachumarsáide, ar nós teileafóin deisce, teileafóin phóca agus seirbhísí freagartha Idirghníomhacha Gutha (IVR);
- bogearraí fheidhmchlár ríomhaireachta.

Rinneadh bolscaireacht ar shuíomh idirlín na dtreoirlínte, **www.accessIt.nda.ie**, le linn Chomhdháil Bhliantúil Chumann Idirlín na hÉireann (IIA). Chomh maith leis sin, thug an NDA taispeántas ag Ceardlann Rochtana de chuid an IIA faoi Inrochtaineacht Idirlín agus taispeántas eile ag Comhdháil an Chumainn um Chothú na Teicneolaíochta Cúnta san Eoraip.

### R-Rochtain

Ghlac an NDA páirt i bhforbhreathnú ar thionscnaimh bhallstáit an AE maidir le Inrochtaineacht Theicneolaíocht an Eolais agus na Cumarsáide (ICT), agus san áireamh ansin bhí forbairt caighdeán, monatóireacht a dhéanamh ar ghéilliúntas agus gradam a thabhairt don chleachtas is fearr. Chomh maith leis sin, rinne an NDA athbhreithniú ar chleachtais a bhaineann le pleanáil, soláthar, dearadh, forbairt, tástáil agus cothabháil shuímh idirlín na seirbhíse poiblí. I mí Feabhra 2003, leasaigh an NDA na suímh idirlín atá aige féin agus ag AccessIT, cuireadh athrú ar na híomhánna agus ar an ábhar, aistríodh cáipéisí nach raibh inrochtana go HTML agus cuireadh atheagar ar an struchtúr nascleanána agus deartha.

Thug an NDA spreagaitheasc faoi fhorbairt Chaighdeáin Seirbhíse do Dhaoine faoi Mhíchumas ag an gComhdháil Eorpach a d'eagraigh an *Association for Advancement of Assistive Technology in Europe* i mBaile Átha Cliath, ón 31 Lúnasa – 3 Meán Fómhair 2003.

## Seirbhísí Ardchaighdeáin do Chustaiméirí

### Treoirlínte agus Cód Cleachtais Oiliúna um Chomhionannas Míchumais

Cuireadh tús le forbairt threoirlínte do cheannaitheoirí oiliúna um chomhionannas míchumais ina leagtar amach go soiléir cad ba chóir a bheith i gceist le hOiliúint um Chomhionannas Míchumais. Cuirfear an Cód Cleachtais atá beartaithe ar fáil i gcomhthéacs an phríomhshruthaithe agus beidh sé ar aon dul le cáilíochtaí náisiúnta a thugtar mar bhailmheas ar chláir oiliúna.

### Plean Gníomhaíochta do Chustaiméirí

Mar chuid dá thiomantas do chúram custaiméirí, d'fhorbair an NDA Plean Gníomhaíochta do Chustaiméirí a bhí bunaithe ar aiseolas ó Cheistneoir faoi Sheirbhís Ardchaighdeáin Custaiméirí, ó bhosca tuairimí, ó ghearáin fhoirmiúla agus ó thuairimí a fuarthas ó phainéal custaiméirí.

Ar ais go dtí an clár

Ar ais go dtí an clár



# TIONCHAR AR MHEON

Ar ais go dtí an clár

# CAIBIDIL 4

## Tosaíocht Straitéise 3: Tionchar a imirt ar mheon an phobail in Éirinn.

Ceann de phríomhaidhmeanna an NDA is ea feasacht an phobail faoi chúinsí míchumais agus an meon faoi dhaoine faoi mhíchumas a aithint agus a fhorbairt, agus tacaíocht a chothú i measc phobal na hÉireann do pholasaithe agus do chleachtais uileghabhálacha.

Tá sé mar aidhm ag an Údarás an pobal a chur ar an eolas faoi ghnéithe deimhneacha an mhíchumais, agus aghaidh a thabhairt ar chlaontacht agus ar an easpa eolais. Cuireann an NDA a chuid teachtaireachtaí i láthair ag imeachtaí cruthaitheacha, in óráidí agus in aithisc, trí ábhar eolais agus, ar ndóigh, trí na meáin chumarsáide.

## Foilseacháin

### Shared the Feeling! Now Let's Share the Future

Bhain comhoibriú idir an NDA, Bliain na hEorpa do Dhaoine faoi Mhíchumas, an tÚdarás Comhionannais agus an Roinn Oideachais agus Eolaíochta le ceann de thograí móra na bliana, foilsiú *Shared the Feeling! Now let's share the Future*, foilseachán do gach scoil ina dtarraingítear aird ar cheisteanna míchumais. Seoladh an leabhrán ar The Den ar Network 2 agus scaipeadh os cionn 50,000 cóip ar fud na tíre.  Reáchtáladh seachtain fócais scoile i rith mhí na Samhna 2003 agus tugadh cuireadh do na scoileanna gníomhú chun cothú a dhéanamh ar chuimsiú daltaí faoi mhíchumas.

### Míchumas agus Litríocht do Leanaí

D'oibrigh an NDA leis an Children's Book Ireland Festival chun béim a chur ar théama an mhíchumais i litríocht leanaí. Tugadh cuireadh do leanaí ó scoileanna sa cheantar, leanaí le riachtanais speisialta ina measc, agus tháinig siad chuig Pailliún an NDA le castáil leis an údar Jane Mitchell, í a chloisint agus ceisteanna a chur uirthi maidir lena saothar. Chuir Coláiste Oideachais Froebel agus Coláiste Oideachais Eaglais na hÉireann taispeántas leabhar ar fáil don seimineár.

### Encouraging Voices

Sheol an Seanadóir David Norris foilseachán dar teideal *Encouraging Voices* i Meitheamh 2003 mar chuid den togra *Encouraging Voices* a bhfuil freastal déanta air ag an NDA i gcomhar leis an Dr Michael Shevlin (Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath) agus an tOllamh Richard Rose (University College Northampton).  Seoladh an leabhar tar éis na comhdhála den teideal céanna a d'eagraigh an NDA i 2002 agus ar éirigh thar barr léi.

## Taispeántais agus Aithisc

### Sainmhíniú ar Chearta

I mí na Márta thug an Cathaoirleach, an Dr Angela Kerins aitheasc ag Comhdháil Ghluaiseacht na hEorpa ar an *Charter of Fundamental Rights* agus an bhaint atá aige le dhaoine faoi mhíchumas in Éirinn.

Chomh maith leis sin, d'ullmhaigh an NDA aighneacht do Chomhchoiste na nIonadaithe, do Choimisiún Cearta Daonna na hÉireann agus do Choimisiún Cearta Daonna Thuaisceart Éireann ag fáiltiú roimh an gCairt Chearta Uile-Éireann a bhí á beartú do oileán na hÉireann.

### An Scéal a Scaipeadh

Thug baill foirne de chuid an NDA taispeántais agus óráidí éagsúla ag comhdhálacha, ócáidí seolta agus cruinnithe i rith na bliana, rud a chuir príomhtheachtaireachtaí an NDA in iúl do réimse leathan d'ilchnuasach daoine. I measc na gcomhdhálacha ag ar labhraíodh bhí comhdháil bhliantúil Comhairle na hÉireann um Chearta Daonna, Comhdháil na nDaoine faoi Mhíchumas in Éirinn (PwDI) um Chaighdeáin Náisiúnta Sheirbhísí do Dhaoine faoi Mhíchumas, agus comhdháil Chomhaontú Fostaíochta Bhaile Átha Cliath, *"Reconstructing a Strategic Vision"* ag ar thug an NDA aitheasc ar *"The Democratic City – Towards Full Inclusion"*.

### Déanamh Ionadaíochta

Tá ionadaíocht ag an NDA ar 26 eagras atá ag forbairt polasaí agus caighdeán i réimsí éagsúla, ó fhorbairt agus oideachas luathóige go dtí forbairt na gcéad chaighdeán náisiúnta um sheirbhísí do dhaoine faoi mhíchumas. I measc na n-eagras ar a bhfuil ionadaíocht bhuan ag an NDA, tá Comhairle Sláinte na mBan, coistí de chuid an chláir EQUAL, Oifig Iompair Bhaile Átha Cliath, Údarás Náisiúnta Caighdeán na hÉireann, mar aon lena lán grúpa oibre agus fochoistí a bhunaigh ranna rialtais.

## NDA sna Meáin

*"Disability Standards Set to Improve Care", "Mental Health Difficulties Stigmatised", "Disability Research Needs to Follow Ethical Principals", "Plea on Play for Disabled"*. Níl iontu sin ach roinnt de na ceannlínte móra a scríobhadh faoin Údarás Náisiúnta Míchumais  i nuachtáin mhóra na hÉireann i rith 2003.

Chomh maith leis na Cluichí Speisialta Oilimpeacha, bhí Bliain na hEorpa do Dhaoine faoi Mhíchumas agus an Reachtaíocht Mhíchumais ar na hócáidí/cúinsí ba shuntasaí ar an gclár oibre míchumais i 2003, agus bhí baint phoiblí ag an NDA leis an dá rud. I mí na Bealtaine, chuir an Dr. Angela Kerins in iúl go mba údar imní di an cinneadh a rinne Grúpa Saineolaithe na Roinne Sláinte iarraidh ar lúthchleasaí na gCluichí Speisialta Oilimpeacha

as tíortha ina raibh an galar SARS gan a theacht go hÉirinn do na Cluichí Domhanda i Meitheamh agus ar an 23 Iúil, scríobh an Cathaoirleach alt tuairimíochta san Irish Times faoin teideal *"Spirit of Special Olympics Reflected in Commitments made to Disabled"* mar fhreagra ar an

€50m breise a ceadaíodh do dhaoine faoi mhíchumas intleachta. Cuireadh le hiomrá an NDA trína ról ceannaireachta i mBliain na hEorpa do Dhaoine faoi Mhíchumas ar éirigh chomh maith sin leis. Ar 25 Meán Fómhair, d'áitigh NDA go mbeadh Measúnú Neamhspleách ar Riachtanas ina chuid den Bhille nua Oideachais do Dhaoine faoi Mhíchumas.

### Poiblíocht Leanúnach

Ar an 3 Deireadh Fómhair 2003, cuireadh agallamh ar an gCathaoirleach, an Dr. Angela Kerins ar Morning Ireland ar RTÉ 1 maidir le seoladh an chéad togra píolótach i dtaca le Caighdeáin Náisiúnta Sheirbhísí do Dhaoine faoi Mhíchumas agus scríobhadh cuid mhaith faoin scéal ina dhiaidh sin sna meáin chlóite.

Fuarthas roinnt mhaith poiblíochta freisin as an gComhdháil Phoiblí faoi Claonta Domhanda sa Dlí do Dhaoine faoi Mhíchumas (15 Meán Fómhair), as an gComhdháil Taighde ar Threoirlínte Eiticiúla don Taighde a bhaineann le Leanaí faoi Mhíchumas (23 Samhain), as an aighneacht a rinneadh i gcomhar le Comhairle don Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil faoi mhéadú a dhéanamh ar mhaoiniú an Deontais do Dhaoine faoi Mhíchumas, agus as seoladh Athbhreithniú an NDA ar Rochtain do Sheirbhísí Sláinte Mheabhrach do Dhaoine faoi Mhíchumais Intleachta (2 Samhain).

Thug na meáin chraolta aird mhaith ar an mbronnadh de €82,000 a rinne an NDA i bhfoirm scoláireachtaí don Taighde Míchumais ar an 15 Deireadh Fómhair agus ar an seimineár a d'eagraigh an NDA ar an 4 Samhain faoin teideal *Play for All: Providing Public Play for Children of All Abilities*.

Ar ais go dtí an clár



# CAIGHDEÁIN ARDA A CHINNTIÚ

# CAIBIDIL 5

## Tosaíocht Straitéise 4: An cleachtas is fearr a chinntiú sa tseirbhís do dhaoine faoi mhíchumas.

Cuimsíodh a lán den obair a bhí ar siúl ag an NDA i rith 2003 i dtaca le haitheantas agus socrú a dhéanamh faoi phróisis a bhunódh caighdeáin soiléire, infheidhmithe le cóid chleachtais chun seirbhísí a sholáthar do dhaoine faoi mhíchumas.

Leanadh ar aghaidh i mbliana leis an bpróiseas chun Dréachtchaighdeáin Náisiúnta do Sheirbhísí Míchumais a fhorbairt i gcomhar leis an Roinn Sláinte & Leanaí.

### Coiste Comhairleach Caighdeán

Chun oibriú go straitéiseach le daoine faoi mhíchumas agus le páirtithe leasmhara eile, bunaíodh Coiste

Ar ais go dtí an clár

Comhairleach Caighdeán (SAC) go foirmiúil i mBealtaine 2002, faoi Chathaoirleacht an Ollaimh Vincent Dodd (Féach Aguisín IV do bhaill an choiste).

Tháinig an Coiste Comhairleach Caighdeán le chéile ceithre huaire i 2003 agus chuir sé comhairle ar an NDA maidir le forbairt na gCaighdeán Náisiúnta Seirbhíse do Dhaoine faoi Mhíchumas agus le Tionscnamh Rochtana na Seirbhísí Poiblí.

### An Cleachtas is Fearr

Rinne an NDA coimisiúnú ar thrí thogra taighde i 2003 chun eolas a chur ar fáil faoi sholáthar reatha seirbhíse do dhaoine faoi mhíchumas i roinnt earnálacha tábhachtacha; oideachas breise, fostaíocht agus oiliúint, iompar agus sláinte.

Rinneadh scrúdú sna tograí seo freisin ar na polasaithe agus ar an reachtaíocht atá mar bhonn leis an soláthar seirbhíse sna hearnálacha áirithe sin agus fiosraíodh an fhianaise faoin gcleachtas is fearr mar atá thar lear. Foilseofar trí thuarascáil faoin teideal *Towards Best Practice* go luath i 2004.

### Caighdeáin Náisiúnta Seirbhísí do Dhaoine faoi Mhíchumas

Sa Chomhpháirtíocht Shóisialta reatha don tréimhse 2003-2005 *Dul chun Cinn a Choinneáil*, gheall Rialtas na hÉireann go gcríochnófaí an fhorbairt ar Chaighdeáin Seirbhísí do Dhaoine faoi Mhíchumas, ionas go gcuirfí seirbhísí ar fáil go náisiúnta ar chaighdeán aontaithe seasta.

Seoladh na chéad Dréachtchaighdeáin Náisiúnta do Sheirbhísí Míchumais ag comhdháil náisiúnta in Eanáir 2003, agus ina dhiaidh sin reáchtáladh seacht gcruinniú comhairliúcháin réigiúnacha. Ina dhiaidh sin arís, eisíodh an dara dréacht de chaighdeáin in Aibreán 2003.

### Tionscadal Píolótach

Shocraigh an NDA agus an Roinn Sláinte agus Leanaí tabhairt faoi thionscadal píolótach chun:

- Meastóireacht a dhéanamh ar oiriúnacht agus ar ábharthacht na huirlíse iniúchóireachta
- Luacháil a dhéanamh ar an riachtanas daonchumhachta is gá chun measúnú lánbhrí agus éifeachtach a dhéanamh
- Éifeachtacht an próiseas meastóireachta a mheas.

An phríomhaidhm a bhí leis an tionscadal píolótach ná measúnú a dhéanamh ar an bpróiseas agus ar na huirlisí monatóireachta a bhí molta seachas measúnú a dhéanamh ar an mbealach a d'fheidhmigh an tseirbhís i gcomparáid leis na caighdeáin. Ina theannta sin, thug sé deis eile don NDA oibriú i gcomhar le soláthróiri seirbhíse chun breis forbartha a dhéanamh ar na caighdeáin.

I mí Eanáir 2003, d'aontaigh 20 soláthróir seirbhíse a bheith sa tionscadal píolótach, ina raibh páirt ag os cionn 200 duine faoi mhíchumas agus a dteaghlaigh chomh maith le 120 ball foirne. Tar éis comhairle ón gcoiste eitice taighde, d'eisigh an NDA treoirlínte sonracha eiticiúla do na rannpháirtithe píolótacha. Cuireadh tús go foirmiúil leis an tionscadal píolótach i Meán Fómhair 2003. Rinne *Excellence Ireland* meastóireacht air ag agus ansin rinne *Secta Consulting* meastachán neamhspleách air.
Ag eascairt ó thorthaí an tionscadail píolótaigh, socrófar réimse ama chun na caighdeáin a chur i bhfeidhm mar aon le córas monatóireachta i gcomhar le heagrais mhonatóireachta reachtúla ar nós an Roinn Sláinte agus Leanaí, Údarás Sláinte Réigiún an Oirthir, na Boird Sláinte, Cigireacht na Seirbhísí Sóisialta agus na páirtithe leasmhara ábhartha ar fad.

### Grúpa Oibre

I Lúnasa 2003, bhí cruinniú ag an NDA le húdaráis, le boird sláinte agus leis an Roinn Sláinte agus Leanaí chun dearcadh agus tuairimí a mhalartú faoi fhorbairt, feidhmiú agus monatóireacht ar na caighdeáin. Ina dhiaidh sin, bhunaigh an Roinn Sláinte agus Leanaí Grúpa Oibre nua chun comhairle a chur maidir le forbairt leanúnach ar na caighdeáin agus a mbeadh i gceist go praiticiúil le soláthar na seirbhíse. Bhí cruinniú ag an nGrúpa Oibre i nDeireadh Fómhair 2003.

### Rochtain ar Sheirbhísí Poiblí

Tugann an Rialtais gealltanas sa *Chlár um Rathúnas agus Cothroime*, 2000 go ndéanfar leasuithe chun na seirbhísí poiblí a dhéanamh níos inrochtana do dhaoine faoi mhíchumas taobh istigh de thréimse cúig bliana.

Cuireadh de chúram ar an NDA treoirlínte a eisiúint, monatóireacht a dhéanamh ar an dul chun cinn le feabhsú rochtain na seirbhísí poiblí, agus aitheantas a bhronnadh ar oifigí a chomhlíonann na riachtanais.

### Dul chun cinn an NDA

Sa bhliain 2003, dhírigh an NDA aird ar rochtain i dtaca leis an timpeallacht foirgníochta, teicneolaíocht an eolais agus na cumarsáide, seirbhís ardchaighdeáin do chustaiméara, agus iompar.

D'oibrigh an Fhoireann Rochtana ar chothú agus ar fhorbairt na dtreoirlínte rochtana agus ar an athbhreithniú ar thionscnaimh reatha rochtana. Ag leibhéal straitéiseach, d'ullmhaigh an fhoireann páipéar comhairliúcháin dar teideal *Draft Guidelines for the Achievement of Improved Accessible Public Services*.

I rith na bliana, chuir an fhoireann aighneachtaí chuig Ranna Rialtais éagsúla agus ag a ngníomhaireachtaí, ar a n-áirítear FÁS, an Roinn Comhshaoil, Oidreachta agus Rialtais Áitiúil, Oifig Iompair Bhaile Átha Cliath, an Ghníomhaireacht um Sholáthar Iarnród, An Roinn Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha, agus Grúpa Athbhreithnithe um Bheartas Turasóireachta. Bhí cruinnithe ag an bhfoireann chomh maith le roinnt de na mórghrúpaí foirgníochta, pleanála, iompair agus cumarsáide, agus le soláthróirí seirbhíse thar ceann daoine faoi mhíchumas.

## Ardchaighdeán a Fhorbairt i Seirbhísí

### Measúnú Neamhspleách Riachtanas

D'fhorbair an NDA tuarascáil ar Mheasúnú Neamhspleách Riachtanas agus ar chomhordú seirbhíse mar fhreagra ar an moladh a rinne an Coimisiún um Stádas Daoine faoi Mhíchumas agus ar thacaigh an Grúpa Comhairliúcháin um Reachtaíocht Mhíchumais leis.

D'ainmnigh tuarascáil an NDA na príomhphrionsabail agus na príomhghnéithe a bheadh mar bhonn le córas neamhspleách measúnaithe riachtanas, mar aon leis an struchtúr agus an creat a theastódh chun tacú lena leithéid de chóras. Ina theannta sin, rinneadh athbhreithniú ar an gcleachtas thar lear i dtaca le measúnú riachtanas agus le comhordú seirbhísí.

I measc na moltaí, bhí an gá le:

- córas maidir le Measúnú Aonair Comhpháirtíochta, (SSA) a bheadh ar fáil mar cheart ag gach duine faoi mhíchumas agus ina mbeadh na riachtanais sóisialacha, eacnamúla, sláinte agus eile;
- seirbhís tacaíochta míchumas (DSS) réigiúnach, neamhspleách leis an SSA a chur i bhfeidhm, arna oibriú faoi choimirce na Roinne Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh;
- próiseas cuimsitheach measúnaithe agus ionchur ó speisialtóir nuair is gá;
- tús áite do riachtanas a bhaineann le leithdháileadh maoinithe agus seirbhíse;
- meicníochtaí don achomharc, monatóireacht agus athbhreithniú, faoi anáil na gcaighdeán chun ardcháilíocht a chinntiú.

### Measúnú ar na Caighdeáin Náisiúnta do Sheirbhísí Míchumais (NSDS)

Cuireadh tús le measúnú ar na Caighdeáin Náisiúnta do Sheirbhísí Míchumas (NSDS) chun a mheas cé chomh mór agus a chinntíonn an córas atá beartaithe go gcuirfear seirbhísí ar fáil ar leibhéal aontaithe, seasta ar fud na tíre. Déanfar moltaí faoi fheidhmiú agus faoi oibriú an NSDS nuair a bheidh an meastóireacht críochnaithe.

### Athbhreithniú ar Rochtain na Seirbhísí Síciatracha

In Aibreán 2002, chuir Bord an NDA in iúl go raibh sé ina ábhar imní aige go raibh rochtain ar na seirbhísí síciatracha cuí á shéanadh ar dhaoine faoi mhíchumas intleachta mar gheall ar an míchumas intleachta a bhí orthu agus d'iarr an Bord ar fheidhmeannas an NDA fíric an cháis a scrúdú.

Trí réamhphlé le réimse de pháirtithe leasmhara, deimhníodh go raibh an cheist ina hábhar imní ag teaghlaigh, ag gairmeoirí na seirbhíse féin, ag soláthróirí seirbhíse agus ag eagrais mhaoinithe seirbhísí.

D'fhéach an NDA le fairsinge agus mianach na faidhbe a chinntiú agus rinneadh coimisiúnú ar Secta Consulting chun athbhreithniú a dhéanamh ar an gcás. Seoladh an t-athbhreithniú i mí na Samhna 2003 agus fuarthas amach


go bhfuil timpeall 8,000 duine faoi mhíchumas intleachta in Éirinn atá  i riocht síciatrach chomh maith. Astu sin, d'fhéadfadh go dteastóidh measúnú agus cóireáil speisialtóra ó 4,500 acu agus go léireoidh idir 900-2,400 acu iompraíocht dúshlánach – agus beidh suas le dhá thrian díobh i riocht síciatrach.

I rith an phróisis chomhairliúcháin léiríodh imní faoin 'meascán polasaí' maidir le soláthar seirbhísí don ghrúpa cliant seo. Labhair gaolta agus cúramóirí go neamhbhalbh faoin 'uafás' atá géarchéim shíciatrach in ann a tharraingt nuair nach mbíonn aon bhealach soiléir ann le tacaíocht a fháil. Rinne gairmeoirí na seirbhíse agus na soláthróirí seirbhíse míchumais intleachta cur síos ar an neamhréir sa straitéis náisiúnta.

Dúradh san athbhreithniú go raibh an t-easpa seirbhísí don ghrúpa cliant seo leatromach agus ag sárú an Acht um Stádas Comhionann (2000), an Chúnaint Idirnáisiúnta ar Chearta Eacnamaíocha, Sóisialta agus Cultúrtha, agus ar Rialacha Caighdeánacha na N.A. um Chothromú Deiseanna do Dhaoine faoi Mhíchumas.

Mhol an NDA go gcuirfí seirbhís chuimsitheach sláinte mheabhrach ar fáil don ghrúpa seo láithreach, bonn reachtaíochta a bheith fúithi agus í a bheith comhtháite mar chuid den ghnáthsheirbhís. Chomh maith leis sin, ba chóir an tseirbhís a bheith soiléirithe i straitéis náisiúnta aontaithe agus acmhainní a bheith ar fáil di de réir na gcleachtas is fearr go hidirnáisiúnta.

Ar ais go dtí an clár



# AN EAGRAÍOCHT Á TÓGÁIL

# CAIBIDIL 6

## Struchtúr Eagrúcháin an Údaráis Náisiúnta Míchumais

Tá trí rannóg san Údarás Náisiúnta Míchumais a dhíríonn ar thrí ghné éagsúil de ghnó an NDA:

### Polasaí agus Gnóthaí Pobail

Seo a leanas príomhghnó na foirne Polasaí agus Gnóthaí Pobail:

- ceannródaíocht a dhéanamh maidir le forbairt agus feidhmiú clár atá dírithe ar fheabhsú feasachta i dtaca le cúinsí míchumais;
- fócas a sholáthar chun athrú a chur ar fheasacht an phobail faoi chúinsí míchumais trí ghníomhaíochtaí bolscaireachta, bearta oideachasúla agus idirghabháil dhíreach;

- príomhtháscairí feidhmiúcháin a fhorbairt chun feidhmiúchán, táirgiúlacht agus luach ar airgead a mheas laistigh den fhoireann Polasaí agus Gnóthaí Pobail;
- comhordú a dhéanamh leis an rannóg Seirbhísí Corparáideacha chun a chinntiú go gcloítear leis na riachtanais straitéise, polasaí agus buiséid i ngach saghas cláir, i bhforbairt agus sa leithdháileadh ar mhaoiniú;
- comhordú a dhéanamh le gach rannóg chun soiléiriú a dhéanamh ar na riachtanais agus ar leagan amach na n-iarratas ar thograí, ar chritéir mheasúnaithe agus ar cheadú deontas,  mar aon le héifeachtúlacht na gclár maoinithe agus cruinneas na sonraí a thuairiscítear a chinntiú;
- comhordú a dhéanamh le rannóga eile chun éifeachtúlacht na gclár maoinithe agus cruinneas na sonraí a thuairiscítear a chinntiú;
- cur le forbairt agus leis an athbhreithniú ar straitéis agus ar pholasaithe an Údaráis Náisiúnta Míchumais a bhaineann le tuiscint ar an míchumas.

**Taighde Caighdeáin agus Forbairt**

Seo a leanas an príomhghnó a bhíonn ar siúl sa rannóg Taighde Caighdeáin agus Forbairt:

- ceannródaíocht a dhéanamh ar fhorbairt agus ar fheidhmiú na gclár agus na dtionscnamh atá dírithe ar chaighdeáin náisiúnta chomhsheasmhacha seirbhíse a chothú do dhaoine faoi mhíchumas;
- fócas a thabhairt le hathrú a chur ar fheasacht an phobail faoin míchumas trí;

    1. gníomhaíochtaí bolscaireachta, bearta oideachasúla agus idirghabháil dhíreach;
    2. aimsiú agus cothú a dhéanamh ar theicneolaíochtaí nua, ar chleachtais nua agus ar eolas nua faoi chúinsí a bhaineann le míchumas, agus bolscaireacht a dhéanamh faoi na buntáistí a bhaineann lena n-úsáid;

- Príomhtháscairí Feidhmiúcháin a fhorbairt chun feidhmiúchán, táirgiúlacht agus luach ar airgead a thomhas;

- comhordú a dhéanamh leis an rannóg Polasaí & Gnóthaí Pobail agus leis an rannóg Seirbhísí Corparáideacha chun a chinntiú go gcloítear leis na riachtanais straitéise, polasaí agus buiséid i ngach saghas cláir, i bhforbairt agus sa leithdháileadh ar mhaoiniú;
- cur le forbairt agus le hathbhreithniú ar straitéis agus ar pholasaithe an Údaráis Náisiúnta Míchumais i dtaca leis an Earnáil Phríobháideach agus Phoiblí araon.

### Seirbhísí Corparáideacha

Seo a leanas an obair a bhíonn ar siúl ag na Seirbhísí Corparáideacha:

- cuirtear tacaíocht ar fáil don Údarás i gcás ceisteanna a bhaineann le rialachas agus smachtú an Údaráis Náisiúnta Míchumais;
- ullmhaítear, cuirtear i láthair agus déantar athbhreithniú ar bhuiséad agus ar réamh-mheastacháin an Údaráis Náisiúnta Míchumais;
- ullmhaítear agus cuirtear i láthair faisnéis agus tuarascálacha airgeadais;
- tacaítear agus cuidítear leis an iniúchóir inmheánach (arna cheapadh) mar is gá;
- déantar ionchur i bhforbairt pholasaí an Údaráis Náisiúnta Míchumais;
- déantar bainistiú ar ghnéithe maoinithe agus airgeadais na gclár deontais ar fud na rannóga ar fad;
- déantar bainistiú ar riachtanais riartha, chonartha agus mhargaíochta an Údaráis Náisiúnta Míchumais,
- déantar bainistiú ar riachtanais chóras theicneolaíocht an eolais an Údaráis Náisiúnta Míchumais;
- déantar bainistiú ar riachtanais na hacmhainne daonna agus ar riachtanais oiliúna;
- déantar bainistiú ar acmhainní, riachtanais agus coinníollacha fisiciúla;
- déantar comhordú le rannóga eile chun a chinntiú go ndéanfar bainistiú éifeachtach ar chláir, tuairisciú beacht agus cumarsáid éifeachtach;
- forbraítear agus meastar Príomhtháscairí Feidhmiúcháin (KPI's) a chlúdaíonn gnéithe airgeadais ghnó an Údaráis Náisiúnta Míchumais, agus tacaítear le rannóga eile chun KPIanna ábhartha a aimsiú, a thomhais agus a thuairisciú;

- cinntítear go dtugtar eolas ábhartha agus cruinn don Údarás ar bhealach tráthúil, éifeachtach.

Tá cairt eagrúcháin in Aguisín VII ina léirítear na baill foirne de chuid an NDA atá ag obair i ngach réimse acu sin.

### Oiliúint agus Forbairt Foirne

Rinne an tÚdarás Náisiúnta Míchumais infheistíocht shuntasach i bhforbairt agus in oiliúint na foirne i 2003 chun cuidiú le córais nua teicneolaíochta agus bogearra a thabhairt isteach agus ullmhú chuige sin chun deiseanna fiúntacha forbartha agus forásacha a chur ar fáil.

Bhí an NDA tiomanta go leanúnach  i rith na bliana lena chinntiú gur earcaíodh baill foirne den scoth le cur leis an bhfoireann ghairmiúil, oilte a bhí ann cheana féin.

### Cumarsáid Inmheánach

Rinneadh cóiriú mion ar chórais ICT i 2003 agus cuireadh oiliúint dá réir ar an bhfoireann. Chomh maith leis sin, baineadh úsáid as cumarsáid inmheánach do na cruinnithe rannacha, idir-rannach agus do ghrúpaí bainistíochta sinsearacha.

### Córas Bainistíochta Airgeadais agus Cuntasaíochta

Rinneadh tuilleadh forbartha ar pholasaí agus nósanna imeachta an NDA maidir le cúrsaí airgeadais de réir riachtanais na Roinne Airgeadais. Bunaíodh córas tuairiscithe cuntasaíochta a aontaíodh leis an Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí.

### An Dul chun Cinn a Inbhuanú – An Chéad Tuarascáil ar an Dul Chun Cinn

I nDeireadh Fómhair 2003, chuir an NDA an chéad tuarascáil ar fáil faoin dul chun cinn a bhí déanta leis an nuachóiriú ar ghlac an Grúpa Fíoraithe Feidhmiúcháin leis, sin an t-eagras monatóireachta do Sustaining Progress.

### Saoráil Faisnéise

Glacadh go hiomlán nó i bpáirt le gach iarratas ar ábhar a fuarthas faoin Acht um Shaoráil Faisnéise (seachas iarratais a tarraingíodh siar). Tá an tAcht um Shaoráil Faisnéise i bhfeidhm ar an NDA ó Mheitheamh 2002. Ó shin i leith, d’fhéach an NDA lena chinntiú go ndéileáiltear le hiarratais faoin Acht go héifeachtach agus de réir mar a éilítear sa reachtaíocht.

### Cartlanna Riachtanacha

Chun cumarsáid éifeachtach a spreagadh idir an NDA, daoine aonair agus eagrais atá taobh istigh nó taobh amuigh den earnáil mhíchumais, chuir an NDA tús leis an bhforbairt ar bhunachar sonraí teagmhála a bheidh cuimsitheach agus cothrom le dáta.

I 2003 freisin, cuireadh spás ar leith ar fáil don Chartlann Náisiúnta Míchumais agus ansin tá gach tuarascáil, saothar taighde agus aighneacht polasaí a bhfuil tábhacht leo, in Éirinn, san Eoraip nó go hidirnáisiúnta, agus a bhaineann leis an míchumas ag dul siar chomh fada le 1968 nuair a bunaíodh an Bord Náisiúnta Athshlánúcháin.

### Leabharlann

Rinneadh tuilleadh forbartha ar Leabharlann an NDA i rith 2003 ag cur timpeallachta ar fáil atá inrochtana go hiomlán do gach úsáideoir. Lean an leabharlann ag cur leabhair agus ailt irisí ar fáil d'úsáideoirí ar fud na tíre agus ag fáil ábhair ar iasacht dóibh. Osclaíodh an seomra nua léitheoireachta i 2003 agus tá deis ansin ag suas le deichniúr staidéar ciúin nó obair thogra i gcomhar a dhéanamh.

## NÓTA AIRGEADAIS DO CHUNTAIS NA BLIANA 2003

Déanann an Státchiste maoiniú ar an Údarás Náisiúnta Míchumais tríd an Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí. Déanann sé íocaíochtaí le gníomhaireachtaí thar ceann na Roinne Oideachais agus Eolaíochta agus faigheann sé aisíoc ar chaiteachas seilbh ón Roinn Sláinte agus Leanaí.

I 2003 rinne an NDA bainistiú ar airgeadas Bhliain na hEorpa do Dhaoine faoi Mhíchumas agus d'eagraigh sé an Coiste Náisiúnta Comhordaithe agus foghrúpaí téamacha – Cearta, Freagrachtaí agus Comhpháirtíocht, Feasacht, Óige agus Míchumas, agus Fostaíocht.

Chuidigh an NDA agus rinne sé maoiniú ar obair an Ghrúpa Comhairliúcháin um Reachtaíocht Mhíchumais agus rinne sé bolscaireacht ar an gcáipéis *"Equal Citizens"* a foilsíodh i mí Feabhra 2003.

Seoladh an chéad dréacht de Chaighdeáin Náisiúnta do Sheirbhísí Míchumais in Eanáir 2003, agus tá na Caighdeáin Náisiúnta ar an ábhar is mó a bhfuil caiteachas leanúnach orthu sa réimse neamhphá.

Rinneadh coimisiúnú ar thaighdeoirí neamhspleácha chun na cleachtaí mapála seirbhíse a dhéanamh. Réimse mór caiteachais a bhí ansin i 2003 agus mar thoradh air foilsíodh an tsraith foilseachán, *Towards Best Practice*, i dtaca leis na réimsí polasaí, Sláinte, Iompar, agus Oideachas Breise agus Fostaíocht.

Lean an caiteachas ar Thionscadal Bharcelona arbh í 2003 an dara bliain den togra trí bliana.

Caitheadh airgead ar mhír taighde a rinneadh i gcomhar leis an ESRI ar úsáid Rangú Idirnáisiúnta Fheidhme na hEagraíochta Domhanda Sláinte don Staidéar Náisiúnta Míchumais atá beartaithe.

Bhí rátaí tráchtála dlite ar an NDA den chéad uair i 2003.

**Bhí Caiteachas Iomlán de €4,347 m i gceist in 2003, (€4,956M i 2002);**

| | NDA | | EYPD |
|---|---|---|---|
| | 2003 | 2002 | 2003 |
| | €K | €K | €K |
| Párolla | 2,070 | 1,593 | 138 |
| Costais Áitíochta agus Riaracháin | 518 | 484 | 196 |
| Costais earcaíochta taisteal agus oiliúint | 136 | 129 | 8 |
| NEPS | 351 | 322 | 0 |
| Tionscadail agus obair choimisiúnaithe Costas Caipitil | 271 | 1,282 | 2 |
| **Iomlán** | **4,347** | **4,956** | **1,445** |

Tabhair faoi deara nach bhfuil iniúchóireacht déanta ar na cuntais do 2002/3 agus go bhféadfadh athrú a bheith orthu.

## Aguisín I
## Aighneachtaí maidir le Polasaí

Rinne an NDA aighneachtaí leo seo a leanas:

1. Grúpa Saineolais um Pholasaí Sláinte Mheabhrach, An Roinn Sláinte agus Leanaí;
2. An Roinn Comhshaoil Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil, Athbhreithniú ar Rochtain Mheaisíní Vótála Leictreonacha (Eanáir);
3. Páipéar Comhairliúcháin an Choimisiúin um Rialachán Cumarsáide (ComReg): *The Future Framework for the Regulation of Universal Service in the Irish Market* (Feabhra);
4. FÁS, an Gradam Feabhas trí Dhaoine (Aibreán); an Ghníomhaireacht um Sholáthar Iarnród, Ticéadú Comhtháite (Aibreán);
5. Grúpa Athbhreithnithe an Pholasaí Turasóireachta maidir le Rochtain agus an Turasóireacht (Aibreán);
6. An Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí, An Bille um an Dlí Coiriúil (Gealtacht) 2002 (Bealtaine);
7. Dréacht-treoirlínte do Mhúinteoirí Daltaí Faoi Mhíchumais Ghinearálta Foghlama  (Bealtaine);
8. An Roinn Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha, Athbhreithniú ar reachtaíocht na hÉireann um Longa Paisinéirí (Meitheamh);
9. Tuairimí do Chomhchoiste Ionadaithe Choimisiún Cearta Daonna na hÉireann agus Choimisiún Cearta Daonna Thuaisceart Éireann maidir lena pháipéar réamhchomhairliúcháin *"A charter of rights for the Island of Ireland"* (Meitheamh);
10. An Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí, Grúpa Saineolais um Staidrimh Choiriúlachta (Bealtaine);
11. Cáipéis chomhairliúcháin an Choimisiúin Chearta Daonna (HRC) maidir le *Daoine Scothaosta faoi Chúram Fadchónaitheach* (Iúil);
12. Páipéar Comhairliúcháin an Choimisiúin um Athchóirithe Dlí maidir leis an Dlí agus Daoine Aosta (Lúnasa);
13. Comhchoiste an Oireachtais um Oideachas agus Eolaíocht maidir leis an mBille um Oideachas do Dhaoine faoi Mhíchumas 2003 (Meán Fómhair);
14. Aighneacht ó bhéal do Comhchoiste an Oireachtais um Oideachas agus Eolaíocht maidir leis an mBille um Oideachas do Dhaoine faoi Mhíchumas 2003 (Meán Fómhair).

## Aguisín II
## Ionadaíocht Sheachtrach an Údaráis Náisiúnta Míchumais

Grúpa an Pholasaí Náisiúnta um Phríomhshruthú Comhionannais
*Christine Whyte*

An Roinn Sláinte agus Leanaí – Grúpa Oibre um Chostas an Mhíchumais – DOHC – tiomantas PPF ionadaí NDA
*Christine Whyte*

Comhairle Sláinte na mBan – Cathaoirleach an Fhochoiste Polasaí
Christine Whyte

FÁS - NAC Fochoiste achomhairc
*Donie O'Shea*

Grúpa Stiúrthóirí Oibrí an Údaráis Náisiúnta Míchumais
*Donie O'Shea*

An Roinn D. & C. C. & A. D. – PPF / An Grúpa Oibre um Dul Chun Cinn a Choinneáil maidir le Promhadh Comhionannais
*Donie O'Shea*

Tionscnamh Bainistíochta Straitéise, Comhionannas/Éagsúlacht; Foghrúpa an Tionscnaimh Bhainistíochta Straitéise
*Paula Murphy*

Grúpa Comhairleach Oifig Iompair Bhaile Átha Cliath
*Donie O'Shea*

Clár EQUAL – Coiste Monatóireachta EQUAL, coiste DETE/ESF
*Marion Wilkinson*

Coiste Comhairleach um Thaighde an Ionaid Taighde Leanaí
*Dr Anne Good*

Coiste Comhairleach, tionscadal tomhais um chomhionannas do mhná
*Emer McCarthy*

Coiste Comhairliúcháin an Lárionaid um Fhorbairt agus Oideachas Luath-Óige
*Erik Koornneef*

NAC – Coiste Achomhairc
*Donie O'Shea*

An Coiste Náisiúnta Creidiúnaithe
Rúnaireacht: FÁS - QA 00/01 Accreditation of training service for people with disabilities
*Erik Koornneef*

An Coiste Náisiúnta Creidiúnaithe
Rúnaireacht: FÁS - CNC Fochoiste faofa
*Erik Koornneef*

An Roinn Sláinte agus Leanaí; Grúpa Oibre um Chaighdeáin Náisiúnta Sheirbhísí Míchumais
*Erik Koornneef*

Bord Faofa Q-Mark, Excellence Ireland
*Erik Koornneef*

An Tionscnamh Bainistíochta Straitéise
Rúnaireacht: Roinn an Taoisigh - An Grúpa Oibre um Seirbhísí Ardchaighdeáin do Chustaiméirí (QCS)
*Erik Koornneef*

Údarás Náisiúnta Caighdeán na hÉireann (NSAI), An Grúpa Oibre um Chaighdeáin Cúram Sláinte
*Erik Koornneef*

Fóram Comhairliúcháin Míchumais – Painéal Comhairleach na Roinne Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh
*Frances Bird*

Cuibhreannas an Phríomhthionscadail Fostaíochta arna mhaoiniú faoin EYPD
*Frances Bird*

An Comhaontas Sláinte Phoiblí, Ball de Chomhairle na hÉireann
*Iris Elliott*

An Fóram um Míbhuntáiste Oideachasúil
*Marion Wilkinson*

An Grúpa Oibre um Sheirbhísí Ardchaighdeáin do Chustaiméirí (QCS)
*Paula Murphy*

An Grúpa Comhairleach um Thaighde ar Rochtain
*Paula Murphy*

An Coiste um Rochtain Iompair Phoiblí
*Sean Murphy*

## Aguisín III
## Léiriúcháin a rinne Foireann an NDA

Comhdhálacha, Seoltaí agus Grúpaí de Pháirtithe Leasmhara

Cónaidhm Míchumais na hÉireann, *Core elements on disability legislation* (Eanáir)

An Chomhairle Athshlánúcháin, The Research Agenda in the NDA (Eanáir)

Comhairle um Chearta an Duine (Feabhra)

Bliain Eorpach do Dhaoine Faoi Mhíchumas (Feabhra)

PWDI, Costas an Mhíchumais (Meitheamh)

Seimineár Réigiúnach Phort Láirge (Lúnasa)

AAATE (Lúnasa)

Reachtaíocht Mhíchumais in Éirinn (Lúnasa)

Comhdháil PWDI i gCaisleán Bhaile Átha Cliath, Caighdeáin Náisiúnta do Sheirbhísí Míchumais (Meán Fómhair)

Seoladh Poiblí "Psychiatric services for people with intellectual disabilities" (Samhain)

Foréigean ar mhná a bhfuil míchumas orthu: Comhléiriúchán i gcomhar le Women's Aid do: Coiste Stiúrtha Náisiúnta um Fhoréigean ar Mhná a bhFuil Míchumas Orthu, (Meitheamh) agus Painéal Míchumais Chomhairle Náisiúnta Ban na hÉireann (Meán Fómhair)

Seimineár Náisiúnta na nÚdarás Áitiúil, Port Laoise

Bord Sláinte an Iarthair Láir, Coiste Comhairleach Míchumais, Ról taighde agus leabharlainne an NDA, Tiobraid Árann (Feabhra)

Comhdháil Bhliantúil Aontas na hÉireann um Thacaíocht Fostaíochta, Dearcadh an Phobail ar dhaoine a bhfuil míchumas orthu, Maigh Eo (Deireadh Fómhair)

Comhdháil Chomhaontú Fostaíochta Bhaile Átha Cliath, *"Reconstructing a Strategic Vision"* faoin teideal *"The Democratic city - towards full inclusion"* (Nollaig)

Comhdháil Bhliantúil Chumann Socheolaíochta na hÉireann, Léiriú Páipéir ar *"Competing Paradigms in Studying Disability the ICF as a way forward?"* (Bealtaine)
An tÚdarás Náisiúnta Míchumais / Rochtain ar an timpeallacht fhoirgníochta – Comhdháil Fhorbhreathnaithe *"Design for All"*, Fóram Pobail Chontae Liatroma (Meán Fómhair)

Rehabilitation International Africa Regional Conference, Durban. Taighde Míchumais agus Bailiú Sonraí in Éirinn, Léiriúchán ar *"Disability and the Environment using the ICF in Irish Disability Research and Data Collection"* (Deireadh Fómhair)

Ar ais go dtí an clár

# Aguisín IV
# Coistí Comhairleacha

## Coiste Comhairleach um Shláinte Mheabhrach

Frank Flannery (Cathaoirleach)
Dr Mary Clarke-Finnegan
Phil Cotter
Patsy Doolin
Terence Farrell (ball nua 2003)
Noreen Fitzgibbon
Thomas Fox (éirithe as oifig)
Joan Hamilton (éirithe as oifig)
Frances Harvey
Mary Hodgins (éirithe as oifig)
Brian Howard
Paul Howard
Seamus Hoye
Dr Verena Keane
Brendan Gerard Kenny (ball nua 2003)
Mary Keys
Mark Logan
Andrew Logue
Hugo Magee
Dr Tom Moran
Thomas Noonan (ball nua 2003)
Dan O'Connor
Winifred O'Hanrahan
Fran Richards
Martin Rogan (éirithe as oifig)
Mark Shields (éirithe as oifig)
Laura Thompson
Richard Walsh (éirithe as oifig)
Margaret Webb
Christine Whyte
Iris Elliott – Rúnaí an choiste

## Coiste Comhairleach um Thaighde

An tOllamh Ferdinand Von Prondzynki (Cathaoirleach)
John Bosco Conama
Joseph Mullins
Liz Brosnan
Katherine O'Leary
Maria Walls
Ted O'Shea
Aine Kelly

Clíona Ní Chualáin
Mary Van Lieshout
An tOllamh Robert Holton
An tOllamh Patricia Noonan Walsh
Gerry Brady
Lawrence Bond
Jim Walsh
Dr. Donal McAnaney
Eileen Lavery
An tOllamh Brendan Whelan
Clare Dunne
An tOllamh Ian Brown

## Coiste Comhairleach um Chaighdeán

AN tOllamh Vincent Dodd (Cathaoirleach)
Kevin Stanley
Maureen Breslin
Margaret O'Connor
Jim Dennehy
Eamon Eagan
Frieda Finlay
Tom Hughes
Shona Byrne
Karina Wallis
Anne Winslow
Patrick Gargan
Don Tallon
Brian O Donnell
Niall Byrne
Mary Van Lieshout
Brian Abbot
Tony Lenehan
Priya Prendergast
Fionnuala Duffy
Michele Clarke
Stephen Mathews
Peter Humphreys
Brendan Coyle
Michael Ringrose
Sandra Smith
Margaret McDonnell
Erik Koornneef – Rúnaí an choiste

## Aguisín V
## Coistí Stiúrtha

### Dearbhú Bharcelona

Marie Lynch, Cónaidhm Míchumais na hÉireann
Comh. Enda Nolan, Ard-Chomhairle na gComhairlí Contae
Des Kenny, Cumann Not for Profit
Michael Killeen, Cumann na mBainisteoirí Cathrach & Contae
Michael Ringrose, People with Disabilities in Ireland Ltd
Donie O'Shea, (Cathaoirleach) NDA
Jim Casey, CIL Thiobraid Árann
Donncha Ó Muineacháin, An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta & Rialtais Áitiúil

## Aguisín VI
## Scéim Chothaithe Taighde an NDA

Chuir tionscadal amháin ar ais an t-airgead mar nach raibh ar a chumas dul ar aghaidh. Seo na tionscadail ar éirigh leo:

#### Fondúireacht An Gheata Thiar, Baile an Chollaigh, Co. Chorcaí

Staidéar taiscéalaíoch i mBéal an Chollaigh chun riachtanais chúram mheabhrach a aithint i dtaca le daoine scothaosta a bhfuil míchumas fisiciúil nó meabhrach orthu.

### AHEAD

Dearadh agus feidhmiú a dhéanamh ar Phacáiste Forbartha Foirne um Fhoghlaim Oscailte i gCuraclam Inrochtana agus Daltaí Míchumasaithe san Áireamh, chun forbairt a dhéanamh ar fhoirne acadúla san oideachas tríú leibhéal.

### Comhpháirtíocht an Taobh ó Thuaidh

Chun bacainní polasaí a aithint i dtaca le comhpháirtíocht dhaoine míchumasaithe áitiúla in oiliúint agus i bhfostaíocht phríomhsruthaithe.

### Cumann Tinnitis na hÉireann

Chun léiriú a thabhairt ar na riachtanais theiripeacha agus thacaíochta atá ag daoine a bhfuil tinniteas orthu, agus chun tionchar a imirt ar pholasaí poiblí chun seirbhisí feabhsaithe a chur ar fáil dóibh sin a bhfuil gá acu leo (Tuairisc foilsithe).

### Grúpa Feasachta Míchumais Ros Comáin

Ag cur béime ar riachtanais agus ar mhianta na ndaoine faoi mhíchumas i Ros Comáin.

### Súgradh

Ag scrúdú na soláthairtí súgartha atá ag leanaí faoi mhíchumas in Éirinn (Tuairisc foilsithe).

### Nigel Clare Network Trust (Irl)

Déanamh moltaí faoin gcleachtas is fearr is gá chun cuidiú le cúramóirí a chaithfidh comhordú a dhéanamh ar a gcuid oibre agus ar a ndualgas cúraim.

### Cumann Bhodhair na hÉireann

Chun leibhéal coibhneasach bochtaineachta na mBodhar in Éirinn a fháil amach, agus na cúiseanna atá leis an mbochtaineacht sin a aithint.

## Aguisín VII
## Aguisín – Cairt Eagraíochta na Foirne
## Nollaig 2003

## Eagraíocht Náisiúnta Míchumais

Stiúrthóir: M.Claire O'Connor

Cúntóir Pearsanta an Stiúrthóra: Bernadette Vella

### Taighde agus Forbairt Caighdeán (RSD)

**Ceannasaí Rannóige**
Mary Van Lieshout
**Cúntóir Pearsanta**
Nora Smith
(Gaye O'Neill c.b)
**Oifigigh Taighde**
Dr. Anne Good (Sinsear)
Eithne Fitzgerald (Sinsear)
Darren McCausland
(Mary Murray c.b)
Jim Winters (Cúntóir)

**Oifigigh Caighdeán**
Erik Koorneef (Sinsear)
Folamh
**Oifigeach Eolais**
Siobhán Dunne
Michael Williams (Cúntóir)
(Michelle Bennet c.b.)
**Riarachán**
Miriam Molloy
Barbara Collopy
Emma Doyle

### Ceannasaí Foirne an Tionscadail:

Sean Murphy
**Comhordaitheoirí Rochtana**
Folamh – Eolas & Cumarsáid
Folamh – Iompar
Eoin O'Herlihy – Timpeallacht Fhoirgníochta
Paula Murphy – Seirbhísí Ardchaighdeáin do Chustaiméirí
**Riarachán**
Michele Broad
Kevin Healy

### Seirbhísí Corparáideacha

**Bainisteoir Seirbhísí Corparáideacha:**
Cliona Curley
**Cúntóirí Pearsanta**
Anne Broderick
Mary McNabola
**Feidhmeannaigh Seirbhísí Corparáideacha**
Regina Mulligan
Richard Quinn
Michael Foley
**Riarachán**
Gretta Flynn
Carmel Clarke
**Fáilte**
Heather O'Leary
**Cothabháil**
Charlie Buckley
Paul Fox
Kathleen Gaynor
Paddy Power

### Polasaí & Gnóthaí Pobail (PPA)

**Ceannasaí Rannóige:**
Christine Whyte
**Cúntóir Pearsanta**
Maighread Kelly
**Comhairleoirí Sinsearacha PPA**
Donie O'Shea
Iris Elliott
Mary Meaney
Frances Bird
**Comhairleoirí PPA**
Marion Wilkinson
Emer McCarthy
**Riarachán**
Catherine Kenny
Jacinta Byrne

**Is mian linn buíochas a ghlacadh leis na baill foirne seo a leanas a d'imigh i rith 2003, as an obair a rinne siad leis an Údarás Náisiúnta Míchumais:** Brian McKean, Dr Mike Timms, Brenda Delaney, Elaine Harris, Aoife O'Toole, Liz McGrath, Robert Reck, Andrea Frost

Ar ais go dtí an clár




Ar ais go dtí an clár



Ar ais go dtí an clár






25 Bóthar Clyde
Baile Átha Cliath 4

**Teil:** 01 608 0400
**Facs:** 01 660 9935

**Ríomhphost:** nda@nda.ie
**Suíomh Gréasáin:** www.nda.ie


**Design:** www.reddog.ie